



Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2011



Tuarascáil Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
de bhun Alt 36 den Acht um Fhorais Chultúir
Náisiúnta, 1997

Arna fhoilsiú ag
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Baile Átha Cliath

ISSN 2009-020X (priontáilte)

ISSN 2009-5813 (digiteach)

© Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2013

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chillardara,
Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: +353 1 603 0200

Facs: +353 1 676 6690

Ríomhphost: info@nli.ie

Láithreán gréasáin: www.nli.ie

Clár an Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	4
Brollach an Stiúrtóra	5
Ár mbailiúcháin	6
Lámhscríbhinní	6
Leabhair phriontáilte	7
Priontaí agus líníochtaí	7
Ábhar gearrshaolach	7
Tréimhseacháin agus páipéir nuachta	7
Grianghraif	7
Ceol	7
Bailiúcháin dhigiteacha	8
Caomhnú agus buanchoimeád	8
An tionscadal ‘The Clean Sweep’	8
Tionscadal deonach Gearrthán Chaisleán Bhaile Átha Cliath	8
Foilseacháin: <i>Knowing the Need 2</i>	9
Taisce Chultúir na hÉireann a Bhuanchoimeád	9
Seirbhísí bibleagrafacha	9
Inrochtaineacht	10
Rochtain ar líne	10
Leabharlann dhigiteach	11
An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta	11
Tacaíocht agus saoráidí taighde	11
Foghlaim, taispeántais agus imeachtaí	12
Foghlaim	12
Taispeántais	12
Imeachtaí	12
Oifig an Phríomh-Arait	13
Bainistíocht agus forbairt acmhainní daonna	13
Plean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh	14
Scoláireachtaí agus oibríthe deonacha	14
Sláinte agus sábháilteachta	14
Seirbhísí comhroinnte	14
Seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna	14
Ráitis airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011	15
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	15
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	16
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	17
Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	17
Príomhnósanna imeachta	17
Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe	17
Polasaithe Cuntasaíochta	18
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011	20
Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána 31 Nollaig 2011	21
Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2011	22
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011	23
Nótaí (<i>atá ina gcuid de na ráitis airgeadais</i>)	24
Bronntóirí	36

Ráiteas an Chathaoirligh

Táim an-sásta Tuarascáil Bhliantúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le haghaidh 2011 a chur i láthair. Ba é 2011 an chéad bhliain in oifig ag an mBord reatha a thosaigh in oifig ag deireadh 2010. Tharla dul chun cinn éachtach sa Leabharlann in 2011 agus ba bhliain í inar thosaigh a haistriú go hinstiúid den 21ú haois i ndáiríre.

Tá trí mhísean ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; taifead doiciméadach shaol intleachta na hÉireann a bhailiú, a bhuanchoimeád agus a chur ar fáil. Le níos mó ná céad bliain anuas anois tá acmhainní ollmhóra tugtha againn chun an taifead sin a bhailiú agus tá os cionn ocht milliún mír inár mbailiúcháin anois.

Bhí sé ina dhúshlán i bhfad níos mó na bailiúcháin sin a chur ar fáil agus a dhéanamh inrochtana do gach duine maidir lenár misean a chomhlíonadh, áfach. Na cúiseanna ba shuntasá leis sin ná na teorainneacha teicneolaíochta agus ról traidisiúnta agus modhanna oibríthe na Leabharlainne Náisiúnta.

Cosúil le Leabharlanna Náisiúnta ar fud an domhain, chuireamar ár mbailiúcháin ar fáil do dhaoine trínár seomraí léitheoireachta agus trí na taispeántais a chuirimid ar siúl lasmuigh den Leabharlann ó am go chéile. Cuireann sé sin dianteorainn ar an méid daoine ar féidir leo rochtain a fháil ar ár mbailiúcháin – na mílte daoine b'fhéidir gach bliain nach bhfaigheann rochtain ach ar chodán de na milliún mír a shealbhaímid.

Tríd an idirlíon agus a theicneolaíochtaí gaolmhara tá modhanna againn leis an gcothromóid sin a inbheartú agus ár mbailiúcháin a chur ar fáil do na céadta milliún duine ar fud an domhain; d'fhonn fuinneog an domhain maidir le saol agus oidhreacht intleachta na hÉireann a dhéanamh den Leabharlann Náisiúnta.

Ba in 2011 a thosaigh an t-aistriú sin. Sonraíodh é sin le tús a chur le roinnt tionscadail agus tionscnaimh ardsuntasacha. Bunaíodh Clár um Dhigitiú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mí an Mheithimh 2011 chun digitiú inmheánach agus seachfhoinse ábhair na Leabharlainne a mhaoirsiú agus a chomhordú; fuaireamar gradam Foinse Oscailte r-Rialtais as ár gcatalóg ar líne; rinneadh tuilleadh feabhsuithe ar an gcatalóg le linn na bliana lena n-áirítear í a chomhtháthú le Leabhair Google, Flickr, Europeana, sonraí ransaithe gréasáin, Léarscáileanna Google, agus an Leabharlann Oscailte; agus i mí Iúil 2011, cuireadh blag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann beo ar an idirlíon mar mhodh lenár dtionscadail, bailiúcháin, imeachtaí agus taispeántais, agus obair na foirne sa chúlráid a thabhairt chun suntais.

Cuireadh tús le gníomhaíochtaí bailithe digitginte sa Leabharlann le linn na bliana chomh maith agus ba é an aidhm leis ról na Leabharlainne Náisiúnta a bhunú i dtaca le bailiúcháin ábhar digitginte agus ár misean foriomlán a chomhlíonadh maidir le hábhar dá leithéid mar chuid dár ngnáthghníomhaíochtaí laethúla. De bharr an tionscnaimh seo tá rachmas ábhair a bhaineann le toghcháin na hÉireann ar fáil trínár gcatalóg ar líne cheana.

Cé go bhfuil na tionscadail agus na tionscnaimh ardsuntasach, ní bhaintear amach an t-aistriú atá á lorg againn leo iontu féin, áfach. Baineadh é sin amach trí athrú bunaidh inár gcultúr agus inár mbeartas ag an Leabharlann. An 6 Bealtaine 2011, i ndiaidh athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar oibríochtaí na Leabharlainne, cuireadh samhail seirbhíse úr i bhfeidhm inár seomraí léitheoireachta.

Sa tsamhail úr seo feictear ár bhfócas ag aistriú go dian go dtí na céadta míle úsáideoir a thugann cuairt orainn ar líne gach bliain agus ar ár seirbhísí dár gcuairetoirí traidisiúnta a choinneáil ag an am céanna. Agus thug sé an t-ardán dúinn ar ar féidir linn leanúint de Leabharlann den 21ú haois a chruthú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur baineadh é sin amach i gcoinne cúlra cuid de na dálaí fíoscacha is crua a tharla i stair fhada Leabharlann Náisiúnta na hÉireann riamh. Agus cuireann na srianta acmhainní sin rioscaí os a comhair amach anseo. In ainneoin ár bhfíor-dhul chun cinn maidir le rochtain dhigiteach cuireadh isteach go suntasach ar ár n-iarrachtaí maidir le caomhnú. Tá níos lú ná 1% dár mbailiúchán á chaomhnú go caighdeán idirnáisiúnta agus tá an 99% eile de i mbaol trí shaoráidí stórála neamhleora agus as dáta.

Leanfaidh an Bord ag obair leis an Stiúrthóir agus le foireann na bainistíochta sinsearaí ag an Leabharlann chun acmhainní a fháil leis an méid thuas agus dúshlán eile a bheidh le sárú againn amach anseo a bhaint amach. Idir an dá linn, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile na Leabharlainne as a gcuid oibre crua agus as a ndílseacht agus gan é ní bhainfí ár ndul chun cinn i dtreo Leabharlainne den 21ú haois a bhaint amach.



David Harvey
Cathaoirleach

Brollach an Stúirthóra

Tá trí mhísean ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann lena dteastaíonn uainn taifead doiciméadach shaol intleachta na hÉireann a bhailiú, a bhuanchoimeád agus a chur ar fáil. Tá an fhreagracht orainn cuid mhór de Thaisce Chultúrtha an náisiúin, ina gcuimsítear na milliúin mír de luach domheasta a choimeád, i gcomhthéacs airgeadais agus intleachta araon.

Tá fairsinge ár mbailiúchán agus ár seirbhísí fíormhór. Áirítear ar ár mbailiúcháin páipéir liteartha ó Heaney, Yeats agus Joyce mar aon leis an mbailiúchán is mó sa domhan de lámhscríbhinní Gaelacha, an ceann is luaithe ag dul chomh fada siar leis an 14ú haois. I measc an ábhair atá ar fáil do thaighdeoirí stair teaghlach tá cóipeanna micreascannáin de Chláir Paróistí Caitliceacha agus Leabhair Cheapoinnt na nDeachúna; tairgeann ár Seirbhís Chomhairleach Ginealais seirbhís saor in aisce trína dtugtar comhairle do ghlaiteoirí pearsanta maidir le taifid atá ar fáil sa Leabharlann agus áiteanna eile, tá Oifig an Phríomh-Araitl lonnaithe sa Leabharlann fosta.

Go deimhin, is fíor é a rá go bhfuil comhdhéanamh na milliúin mír den ábhar clóite, lámhscríbhinní, grianghrafadóireachta agus ábhar eile a shealbhaíonn an Leabharlann Náisiúnta ina chomhchuímhne de náisiún na hÉireann.

Bhí an ciste fionnta seo i mbaol tromchúiseach leis na blianta fada, áfach. Tá cuma gan choimeád ar a lán den ábhar a shealbhaíonn an Leabharlann i ngeall ar na saoráidí stórála faoi bhun caighdeán agus ar na srianta acmhainní faoinar oibríomar.

Leis sin a dhéanamh caithfidimid ní hamháin iarracht a dhéanamh lenár leibhéal seirbhíse reatha a choinneáil ach caithfidimid feabhas suntasach a chur orthu in ainneoin ciorruithe maoiniúcháin leanúnacha. Idir 2008 agus 2012 rinneadh an maoiniú don Leabharlann Náisiúnta a ghearradh 40%, an laghdú is mó a tharla in aon cheann d'institiúidí cultúrtha na hÉireann.

Dá ainneoin sin, leanamar dár dtairiscint seirbhíse a fheabhsú don phobal agus cuairteoirí a mhealladh i mbaic-líonta. Thug os cionn 206,000 duine cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta go pearsanta in 2011, suas ó 140,000 in 2009 – méadú 47% in dhá bliain go díreach. Bhí líonta na gcuairteoirí fíorúla ar an Leabharlann ar fud na n-ardán digiteach uile níos sonraí arís agus tháinig méadú faoi thrí orthu beagnach ó 440,000 in 2009 go 1.2 milliún in 2011.

Léiríonn sé sin an dóigh a bhfuil an chuid is tábhachtaí sin dár sainordú a seachadadh againn: ag cur ár mbailiúchán agus ár seirbhísí ar fáil don phobal. Léiríonn sé an tsuim ollmhór chomh maith inár mbailiúchán agus an acmhainneacht tráchtála atá ann gan amhras, ní hamháin in Éirinn ach go hidirnáisiúnta fosta.

Agus an laghdú tromchúiseach ar líonta foirne agus buiséad a laghdaíodh go suntasach, ba bhliain an-dúshlánach í 2011, gan aontas ar bith, don Leabharlann. Rinneadh na dúshláin níos mó arís leis an eolas go raibh tuilleadh ciorruithe níos déine ag teacht. Mar sin féin, spreagtha ag comhthiomantas dár misean a sheachadadh, thug an fhoireann bainistíochta, le tacaíocht ó na baill foirne, faoin leasú is mó riamh i stair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar na próisis oibre agus an seachadadh seirbhíse.

Ba í ár sprioc céad iomlán a tharghabháil go litriúil agus

Leabharlann Náisiúnta a bheadh oiriúnach don 21ú haois agus thairis sin a chruthú. Agus é sin á dhéanamh againn rinneamar an fhoireann a athlonnú ó sheachadadh leabhair tosaigh traidisiúnta go dtí raon de ghníomhaíochtaí eile chomh tábhachtach céanna lena n-áirítear catalógú, ionghabháil, saothar sealbhuithe agus, ar ndóigh, Leabharlann den 21ú haois a fhorbairt. In ainneoin a lán cáinte ag an am d'éirigh go han-mhaith ar fad leis seo agus léirítear é sin tríd ár bhfáil leathnaithe mar aon leis na buaic-líonta atá ag úsáid ár seomraí léitheoireachta agus atá ag tabhairt cuairte orainn ar líne.


Ní leor na bearta gearrthéarmacha riachtanacha sin iontu féin le Taisce Chultúir ollmhór agus ríluachmhar na tíre a chaomhnú, áfach. Tá sé sin scaipthe ar fud na gcéadta institiúide ar fud na tíre. Níl meastacháin iontaofa ar bith ann maidir le líon iomlán na míreanna atá á sealbhú ach nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil os cionn 30 milliún mír á sealbhú ag an Leabharlann Náisiúnta, Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath eatarthu d'fhéadfadh sé go bhfuil i bhfad níos mó ná 100 milliún in iomlán na Taisce Cultúir náisiúnta.

Tá fíorthóirt na mbailiúchán atá ann mar aon lena bhfás leanúnach ag cur brú ollmhóir ar an Taisce Náisiúnta agus ar a gcaomhnóirí. Tá réitigh á scrúdú ag an Leabharlann Náisiúnta maidir leis an bhfadhb sin le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath ó bhí 2010 ann, agus meastar gurb é an réiteach is inmhathana saoráid úr den scoth a bheidh roinnte idir an líon institiúidí is mó is féidir a bhunú.

Léiríodh i dtuarascáil comhairleoirí in 2011 go mbeadh 342,244 méadar líneach (212 míle) de sheilfeanna de dhíth ar na trí hinstiúid seo iad féin faoi 2034, gan an spás a bheadh de dhíth le haghaidh léarscáileanna agus grianghraf a chur san áireamh. Is léir gurb é an dóigh is fearr leis an riachtanas sin a bhaint amach ná trí acmhainní a chomhthiomsú agus tá na moltaí na gcomhairleoirí maidir le Saoráid Stórála Chomhoibríoch dár dTaisce Chultúir pléite níos déanaí sa tuarascáil bhliantúil seo.

Sa ghearrthéarma, leanfaidh an timpeallacht de bheith an-dúshlánach ar fad don Leabharlann Náisiúnta agus dá fhoireann. Tharla athrú radacach in 2011 dár n-úsáideoirí foirne agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a bhfoirtile in oiriúnú chomh maith sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith lenár n-úsáideoirí traidisiúnta as a dtacaíocht agus as bhfoighne le linn tréimhse inar tharla athrú tapa a bhíodh coscrach go minic.

Tá an próiseas athraithe fós ar siúl ag an Leabharlann Náisiúnta agus tá a lán dúshlán eile le déanamh againn, ach tá muinín agam go bhfuil an-chumas ag ár bhfoireann agus ag ár bhfoireann bainistíochta lena chinntiú go seachadfaimid ár misean.



Fiona Ross
Stiúrthóir

Ár mbailiúcháin

Is stór uathúil é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de stair agus oidhreacht na hÉireann agus is ionad í ina bhfuil bailiúcháin neamhghnácha leabhar, lámhscríbhinní agus grianghraf mar aon le páipéir nuachta agus foilseacháin oifigiúla an rialtais. I measc na míreanna riluachmhara eile i sealbh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tá scóir cheoil agus tréimhseacháin chlóite ag dul chomh fada siar leis an 18ú haois, agus priontaí agus líníochtaí ó aois níos luaithe.

Tá sé d'aidhm ag an Leabharlann Náisiúnta ábhair maidir le hÉirinn nó a bhaineann le hÉirinn a bhailiú agus taifead cruinn ar aschur na hÉireann i lámhscríbhinní, priontaí agus meáin eile a sholáthar d'úsáideoirí reatha agus d'úsáideoirí amach anseo. Faigheann an Leabharlann an t-ábhar sin trí thaisce dhlíthiúil, trí bhronntanais agus trí cheannacháin le chéile. Foráil Reachtuil is ea taisce dhlíthiúil faoina gcuirtear oibleagáid ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseachán a chur i dtaisce i leabharlanna áirithe, lena n-áirítear an Leabharlann Náisiúnta. Rinneadh athbhreithniú ar reachtaíocht um chóipcheart, ina gcuimsítear foráil maidir le taisce dhlíthiúil in Éireann, a thionscnamh i mí na Bealtaine 2011 faoi choimirce na Roinne Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta. Chuir an Leabharlann Náisiúnta aighneacht fhoirmiúil isteach chuig an gCoiste um Athbhreithniú Cóipchirt i mí Iúil, ina raibh moltaí leagtha amach maidir leis an taisce dhlíthiúil a leathnú chun foilseacháin as líne agus foilseacháin dhigiteacha a chumhdach.

Ba bhliain an-suntasach í 2011 dár mbailiúcháin agus ár gcéad bhearta á ndéanamh againn i dtreo na leabharlainne don todhchaí a chruthú trínár gclár Digitginte. Sa chlár sin déanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhair digitginte a shainaithint, a bhailiú agus a chur ar fáil mar chuid dá gnáthghníomhaíochtaí forbartha bailiúcháin.

Tá ádh faoi leith orainn a lán bronntanais ábhair fhlaithiúla a fháil le haghaidh bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta gach bliain agus ba bhliain ar fheabhas í 2011 maidir leis sin. Lena chois sin úsáideadh 7.6% de bhuiséad iomlán na Leabharlainne Náisiúnta (€670,878) chun ábhar a cheannach le haghaidh na mbailiúcháin le linn na bliana.

Gan amhras ba é an bronntanas de chartlann liteartha bhuaiteoir na duaise Nobel Seamus Heaney don Leabharlann Náisiúnta buaicphointe na bliana. Is breis neamhghnách í an chartlann liteartha iontach seo, páipéir oibre ceann de na scríbhneoirí is fearr in Éirinn a mhaireann fós, le taiscí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Comhlánaíonn sé bailiúcháin lena n-áirítear páipéir liteartha a lán scríbhneoirí Éireannacha comhaimseartha a bhfuil moladh faighte acu ó na léirmheastóirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Marina Carr, Roddy Doyle, Paul Durcan, Brian Friel, Hugo Hamilton, John Montague, Edna O'Brien agus Colm Tóibín.

Tá páipéir Maria Edgeworth, Kate O'Brien, Patrick Kavanagh, Brendan Behan, Benedict Kiely, Christy Brown, James Plunkett, WB Yeats agus James Joyce á sealbhú ag an Leabharlann chomh maith.

I measc príomhshealbhuithe eile le linn 2011 bhí páipéir an Uachtaráin Micheál D Ó hUiginn; bailiúcháin pháipéir an scríbhneora agus eagarthóra, David Marcus, agus Bailiúchán grianghraf Seán Hillen.

Tá breiseanna suntasacha eile lenár mbailiúcháin le linn 2011 leagtha amach thíos.

Lámhscríbhinní

Bhí bailiúchán an ábhair leis an gcumadóir Éireannach Michael William Balfe (1808-70) agus ábhar faoi chomh maith ina cheannach tábhachtach agus áirítear leis chomh maith comhfhreagras agus ábhar ó thaibheoirí éagsúla agus ó chumadóirí eile c.1838-c.1892 mar aon lena lán ábhair chloíte agus ábhair ghearrshaolaigh.

Ag ceant, cheannaigh an Leabharlann litir shínithe ó Edmund Burke chuig a chara John King, cléireach dlí ag an Oifig Gnóthaí Baile, ina ndéanann sé trácht ar Réabhlóid na Fraince agus ina dtuarann sé deireadh a chaidrimh le Charles James Fox (dátaíthe 1 Bealtaine 1791); litir shínithe, dátaíthe 25 Iúil 1690, ó Henry Jermyn chuig comhfhreagraí gan aimn scríofa ón Ros in Éirinn go díreach i ndiaidh Chath na Bóinne (1 Iúil 1690) ag friaíraigh “now this business is over” agus go bhfuil a fhios aige a “doome” sula dtéann William III go Sasana; agus, litir shínithe (sínithe Charles R ag an mbarr) maidir le casaoídí agus Reifirméisean Eaglais na hÉireann: “To ou[r] trustie and right wel beloved cosin & councello[r] henry Viscount Falklande” (dátaíthe 12 Iúil 1628).

Leabhair phriontáilte

Le linn 2011 fuairamar 2,804 leabhar faoi thaisce dhlíthiúil; cheannaíomar 2,179 leabhar úr agus tugadh 323 dúinn mar bhronntanas. Ina theannta sin, cuireadh 413 leabhar ársaitheora leis na bailiúcháin. Rinneamar tairiscint le haghaidh soláthraí leabhar nua don Leabharlann agus mar thoradh air sin táimid ag obair anois le Open Books chun ábhar a cheannach.

Tá an stóráil fós ina fadhb chriticiúil agus mar chuid den obair chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin tá baill foirne ó Leabhair Chlóite ag obair le foireann ár Rannóige um Chaomhnú chun cuidiú leis an mbailiúchán Joly a chur i mboscaí sula n-aistrítear é go dtí saoráid stórála feabhsaithe gar do fhoirgneamh an phríomh-Leabharlann.

Priontaí agus líníochtaí

Fuair an Leabharlann mír an-suimiúil ar fad ó bhailiúchán Gerard Crofts (1888-1934): dán álainn maisiúil a scríobh Dora Sigerson Shorter ‘They did not see Thy face’ ar a bhfuil imlíne uiscadhatha mhealltach a phéinteáil Countess Markievicz i bPríosún Aylesbury i 1917.

I measc sealbhuithe eile le linn na bliana bhí roinnt portráidí: caracatúr pinn agus dúighe de Elizabeth Bowen le Nicolas Clerihew Bentley (1907-78), eitseáil turbheara de George Russell, (AE) le Walter Tittle (1883-1966), líníocht peann luaidhe de James Stephens le Alfred Hugh Fisher (1867-1945) agus portráid de WB Yeats i bpeann luaidhe agus dúch le Terence Ian Fytton Armstrong [pseud. John Gawsorth] (1912-70).

Ábhar gearrshaolach

I measc na sealbhuithe suntasacha bhí; dhá luathchárta de chuid Dolmen Press, ‘A Boy’s wish’ le Marie Clifford agus ‘A Carol to Mary’ le H Neville Roberts; dhá phóstaer earcaíochta ón gCéad Chogadh Domhanda agus trí mhórbhileog annamha de chuid an Chairtigh, James Bronterre O’Brien (1804-64).

Ina theannta sin bhailigh an Leabharlann póstaer, bileoigíní, bileoga, bileoga eolais srl. ón Olltoghchán i mí Feabhara 2011 agus ón toghchán Uachtaránachta, ón bhfothoghchán agus ó reifrinn i mí Dheireadh Fómhair 2011. Rinne an fhoireann, baill an phobail, páirtí polaitiúla, eagraíochtaí, Teachtaí Dála neamhspleácha agus oifigigh an phreasa, ábhar a bhailiú agus a bhronnadh.

Tréimhseacháin agus páipéir nuachta

Tionscadal ardsuntasach a bhí ann le linn na bliana ná seiceáil ar líne tréimhseachán a chumasú. Tríd rochtain a fháil ar phríomhchatalóg ar líne na Leabharlainne is féidir le húsáideoirí na Leabharlainne eisiúintí áirithe irise a fuarthas a shainithint anois. Ina theannta sin cuireann an córas seiceála ar líne úr, atá nasctha lenár bpríomhchatalóg ar líne ar chumas na foirne eisiúintí úra a thagann isteach ar líne a thaifeadadh, in áit obair a rinneadh de láimh roimhe sin. Ní dhéantar eisiúintí tréimhseacháin a thaifeadadh de láimh níos mó.

Thug Cumann Cógaiseoirí na hÉireann dhá theideal an-suimiúla don Leabharlann Náisiúnta mar bhronntanas. Ba iad sin *The Irish Chemist and Druggist*, 1923-1925 agus *The British and Colonial Druggist*, 1889-92.

Grianghraif

Táimid buíoch leis na bronntóirí lena n-áirítear an tUasal Ken Ryan, a d’eagraigh bronntanas Bhailiúcháin Abbey Studios, bailiúchán de thart ar 85 línitheoir grianghraf daite d’fhuinneoga gloine daite a rinne an tUasal Ryan le linn na tréimhse 1983-2008.

Bhronn an tUasal Steve O’Donnell grianghraif de shaighdiúirí Éireannach i gCongó i 1960.

Ceol

I measc na sealbhuithe le linn na bliana bhí litir lena raibh an síniú “W.V. Wallace” chuig [Vincent] Novello, dátaithe 11 Samhain 1848, agus athfhriotal ceoil lena raibh an síniú “M.W. Balfe” dátaithe Londain, 21 Iúil 1863 le trí thoise de “Larghetto” neamhaitheanta i D agus téacs faoina bhun: “When I beheld the anchor weigh’d”, ó Ghníomh II de *The Siege of Rochelle* an chumadóra.

Bailiúcháin dhigiteacha

Tugadh na gníomaíochtaí bailithe digitiginte isteach in 2011 sa Leabharlann Náisiúnta leis an lainseáil rathúil um gníomhaíochtaí cartlannaíthe gréasáin ag an Leabharlann i gcomhair leis an bhFondúireacht Cuimhne Idirlín (eagraíocht sheachbhrabúsach a fheidhmíonn sa réimse um chartlannú gréasáin chultúrtha).

Mar chuid den ghníomhaíocht seo, rinne an Leabharlann bailiúchán de thart ar 100 láithreán gréasáin de chuid Olltoghcháin 2011 a chartlannú, lena n-áirítear láithreáin iarrthóirí. Rinneadh blaganna polaitiúla, líon beag láithreáin rialtais oifigiúla lena n-áirítear merrionstreet.ie agus líon láithreáin ghréasáin nuachta na meán leictreonach a ghabháil chomh maith. Lena chois sin, rinneadh suirbhéireacht ar láithreáin ghréasáin ina raibh ábhar a bhain leis an toghchán Uachtaránachta 2011 agus rinneadh iad a mheasúnú agus a chartlannú agus tá siad ar fáil anois ar líne trí chatalóg na Leabharlainne.

Tá gníomhaíochtaí bailithe an treoirhionscadail seo mar chuid de chlár oibre digitiginte níos leithne, ar cheann de roinnt príomhchlár oibre é atá ar siúl sa Leabharlann chun Leabharlann den 21ú haois a fhorbairt. Is é an aidhm fhoriomlán leis an gClár Digitiginte “ról Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a shainaithint maidir le hábhar digitiginte a bhailiú agus ábhar digitiginte a shainaithint, a bhailiú agus a chur ar fáil mar chuid de na gnáthghníomhaíochtaí forbartha.”

Baineadh leas as deiseanna oiliúna éagsúla i dtaca le caomhnú digiteach, cartlanna digitiginte agus cartlannú gréasáin le linn na bliana, mar aon le deiseanna inmheánacha chun an réimse úr oibre seo a chur chun cinn i bhfoirm léiriúcháin foirne agus trí idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí seachtracha amhail an Chomhghuaillíocht um Buanchoimeád Digiteach.

Caomhnú agus buanchoimeád

Tá an cúram ar an Rannóg um Chaomhnú bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhuanchoimeád agus a chaomhnú. Is é is aidhm leis na bearta buanchoimeáda lobbhadh a mhoilliú agus damáiste a chosc. Is é is aidhm leis na hiarrachtaí caomhnúcháin fad a chur le saolré agus inrochtaineacht na mbailiúcháin trí raon cóirithe speisialaithe a chuireann feabhas ar riocht fisiceach, ceimiceach agus go minic amhairc míre.

An tionscadal ‘The Clean Sweep’

I measc na gclár caomhnúcháin is suntasaí a rinneadh sa Leabharlann le blianta beaga anuas bhí an tionscadal ‘The Clean Sweep’. Ba éard a bhí i gceist leis cuid dár leabhair thearca a ghlanadh agus a chur i mboscaí lena n-ullmhú dá n-aistriú sábháilte go dtí stóras ar an láithreán ina bhfuil cosaint dóiteáin imleor. Trí iad a ghlanadh, a chur i mboscaí agus damáiste a thairiscint, cuireamar feabhas ar riocht na leabhar agus cuireamar cosc ar thuilleadh damáiste.

Cuireadh an chéad chéim den tionscadal i gcrích i dtús 2011. Rinneadh dhá chéim eile a thairiscint agus a chur i gcrích go rathúil i rith 2011. Rinneadh 36,365 leabhar go hiomlán a ghlanadh agus a chur in mboscaí – iomlán de 31,618 leabhar le linn 2011.

Tugadh gné phoiblí isteach sa dara chéim. Den chéad uair, tugadh deis don phobal obair na foirne sa chúlráid maidir leis an obair atá á déanamh ar leabhair inar múnlaíodh cultúr agus stair na hÉireann a fheiceáil. Cuireadh painéil taispeánta inar míníodh cúlra an tionscadail agus na próisis céim ar chéim ar taispeánta agus le linn na céime deiridh méadaíodh é sin trí grúpthurais bheaga phoiblí. Cuireadh láithreach an tionscadail ar líne trína leathanach gréasáin féin; lena chois sin, rinne foireann an tionscadail iontrálacha blag a phostáil.

Tionscadal deonach Gearrthán Chaisleán Bhaile Átha Cliath

Bhí tionscadal deonach Gearrthán Chaisleán Bhaile Átha Cliath ILB 0822 á thionól ag an am céanna le dara céim an tionscadail ‘The Clean Sweep’. Dátaithe ó 1920-22 tá an chuma gurbh é rialtas Shasana i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a bhailigh an bailiúchán seo, mar mhodh chun imeachtaí agus cóisirí suimiúla a thairiscint le linn blianta corraíola sibhialta. Ba iad oibrithe deonacha a dhéan suas foireann an tionscadail, a d’oibrigh ar an mbailiúchán a thairiscint, a ghlanadh agus a athlonnú.

Áiríodh ar obair eile a rinneadh in 2011 an bailiúchán porráidí Éireannacha (bailiúchán ‘Elmes’) a ullmhú lena dhigitiú, athbhreithniú próiseála ar ábhair chlóite lena chinntiú go gcloíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus cur i bhfeidhm córas tuairiscithe riochta le haghaidh priontaí agus líniochtaí. Lean an Leabharlann de pháirt a ghlacadh sa chlár intéirneachta um chaomhnú arna réachtáil ag an gComhairle Oidhreachta, trína ndéanann an Leabharlann Náisiúnta agus an Chomhairle Oidhreachta intéirneach caomhnúcháin a chómhainiú.

Foilseacháin: *Knowing the Need 2*

Rinne an tIonad Comhairleach Buanchoimeáda i Leabharlann na Breataine teagmháil linn maidir leis an bhfoilseachán le teacht *Knowing the Need 2* athleanúint den fhoilseachán 2006 *Knowing the need: a national assessment of preservation need in libraries and archives*, a bhfuil sé d’aidhm ann léargas suas chun dáta a thabhairt ar staid chaomhnúcháin bhailiúcháin chartlainne na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann in 2011. Áirítear Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ann mar institiúid cás-staidéir ar láithreán gréasáin an Ionaid um Chomhairleach Buanchoimeáda.

Taisce Chultúir na hÉireann a Bhuanchoimeád

Cuireadh tús le plé le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le linn 2010 maidir leis an bhféidearthacht saoráid stórála chomhroinnte sheachtrach den scoth a fhorbairt le haghaidh na mbailiúchán atá á sealbhú ag na trí hinstitiúidí. Bheadh an tsaoráid ina chuid de bhonn saoráide náisiúnta nó de bhonn Taisce Cultúir chun taifead doiciméadach carntha d’oidhreacht na hÉireann a bhuanchoimeád, taifead a bhfuil fiche go tríocha milliún mír ann ó thaifid ghinealais agus saothair ealaíne, grianghraif stairiúla agus lámhscríbhinní dathmhaisithe, páipéir nuachta, leabhair agus páipéir thaighde.

Le linn 2011, rinne Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath comhairleoirí a choimisiúnú chun staidéar a dhéanamh chun réiteach a shainiú maidir le saoráid stórála chomhoibríoch a fhorbairt do na trí hinstitiúid, mar chéad chéim i gcomhair Taisce Chultúir a fhorbairt.

Measadh sa staidéar go mbeadh 342,244 méadar líneach (212 míle) de sheilfeanna de dhíth ar an trí hinstitiúidí faoi 2034, gan an spás a bheadh ag teastáil le haghaidh léarscáileanna agus grianghraf a chur san áireamh. Breathnaíodh ar chúig réiteach fhéideartha stórála leis an gcóras pasáistí caola ard-dlúis a úsáidtear i Leabharlann Ollscoile Harvard agus sainathníodh é mar an modh is oiriúnaí do na trí hinstitiúidí. Tá an córas seo glactha ag Leabharlann Bodleian Oxford chomh maith dá saoráid stórála sheachtrach. Chuir an staidéar an bonn le haghaidh sraith cásanna gnó ar fáil a chuirfeadh i láthair an rialtais in 2013.

Seirbhísí bibleagrafacha

Ba ionann an líon leabhair chlóite a chatalógáidh foireann na Leabharlainne Náisiúnta in 2011 agus 5,247. Lena chois sin, rinneadh tionscadal catalógaithe a sheachfhoinsiú le Arcline i ndeireadh 2010 go dtí tús 2011 (Samhain-Eanáir) agus mar thoradh air rinneadh 2,668 mír eile a chatalógú agus a chur ar fáil do léitheoirí.

I measc na leabhar ársaitheora agus tearca a catalógaíodh bhí míreanna ó Leabharlann Seán O’Casey, a chuimsíonn 1,800 leabhar ó leabharlann phearsanta an údair. Tá catalógú Leabharlann O’Casey ar siúl fós, ag féachaint lena chur i gcrích sa chéad cheathrú de 2012.

Inrochtaineacht

Ba í 2011 an bhliain is suntasaí i stair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcomhthéacs a misean a chomhlíonadh maidir le taifead doiciméadach agus intleachta shaol na hÉireann a chur ar fáil do gach duine. Is croí-ghné é seo inár misean foriomlán agus ba é ár sprioc é a bhaint amach ar fud na mbealaí agus na bhformáidí go léir atá ar fáil de réir mar a fhabhraíonn siad agus de réir mar a thagann siad chun cinn.

Beidh leabharlann an 21ú haois sa domhan digiteach. Ní chuirfear deireadh leis na seanbhealaí rochtana; ach seachas sin beidh siad á bhforlónadh ag an idirlíon in inbheartú iomlán den rochtain a bhfuil taithí againn air le céad bliain agus níos mó anuas.

Go dtí an lá inniu, ní raibh bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta ach ar fáil díobh siúd a bhí ábalta teacht go dtí Sráid Chill Dara nó díobh siúd a raibh an deis acu cuairt a thabhairt ar cheann dár dtaispeántas. Cuireann an gréasán domhanda ar ár gcumas anois ár ndoirse a oscailt ní hamháin d'Éirinn mar iomlán ach do lucht éisteachta/féachana ar fud an domhain, agus dá réir sin ár misean a chomhlíonadh go hiomlán lenár mbailiúcháin a chur ar fáil do gach duine.

Thosaigh obair ar chlár um Dhigitiú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i lár 2011 agus leanadh de ó shin agus cuireadh an tionscadal um Dhigitíneadh chun tosaigh le linn na bliana (féach an rannán 'Ár mbailiúcháin' sa turascáil seo). Is dhá fhorbairt fíor-athraithe chun feabhais iad seo, agus is tiomna é ar dhílseacht agus agus ar thiomantas ár bhfoirne go léir go ndearnadh dul chun cinn suntasach den sórt sin ar an Leabharlann Dhigiteach den 21ú haois a chruthú ag tráth ina bhfuil cuid de na srianta airgeadais agus eacnamaíocha is déine ina stair os comhair na Leabharlainne Náisiúnta.

Tá ár seomraí léitheoireachta fós ar oscailt agus saor in aisce, dóibh siúd go léir ar mhaith leo féachaint ar ár n-ábhar agus tá rochtain á cur ar fáil againn níos mó agus níos mó ar bhailiúcháin agus ar sheirbhísí ar líne agus ar fud ardán digiteach. Lenár seirbhísí cóipeála is féidir atáirgí den chuid is mó de na míreanna a fháil, agus tairgeann gníomhaíochtaí foghlama, taispeántais agus imeachtaí an deis do lucht féachana/éisteachta sult a bhaint as ár mbailiúcháin ar a lán bealaí éagsúla.

Tá an-áthas orainn fáilte a chur roimh níos mó cuairteoirí ná riamh i mbliana, ag forbairt ar an bhfás suntasach a tharla in 2010. Thug go díreach os cionn 206,000 duine cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta go pearsanta in 2011, suas ó 189,882 in 2010, agus ó 140,000 in 2009 – méadú 47% in dhá bhliain go díreach. Ba iad na cineálach cuairteanna a bhí i gceist cuairteanna taighde ar ár seomraí léitheoireachta agus ár seirbhís stair teaghlaigh, mar aon le teaghlaigh ag freastal ar cheardlanna, agus cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ár dtaispeántais.

Chomhlánaigh thart ar 3,000 ball den phobal ar fud na hÉireann suirbhé úsáideoirí le linn mhí Lúnasa 2011. Thug 92% de na freagróirí cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta go pearsanta, agus ba iad seo a leanas na cúig sheirbhís ba mhinice a úsáideadh:

- An Príomhsheomra Léitheoireachta (70%)
- Caifé (55%)
- Taispeántais (45%)
- Catalóga ar líne (43%)
- Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní (43%)

Rinne na freagróirí na seirbhísí ar a bhfuair siad fáil sa Leabharlann a rátáil go deimhneach agus thug idir 73% agus 89% de na freagróirí rátálacha ar fheabhas/maith i gcomhair na gcúig sheirbhíse ba mhinice a úsáideadh.

Tháinig méadú ar na cuairteoirí fíorúla ar gach ardán ó 440,000 in 2009 go 1.2 milliún in 2011. Mar aon leis an méadú leanúnach i gcuariteanna pearsanta agus rátálacha sástacha, léiríonn sé sin an t-éileamh leanúnach atá ag méadú ar ár seirbhísí agus suntasacht Leabharlann na hÉireann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Rochtain ar líne

Cuireann an méadú i nglacadh ár seirbhísí ar líne béim ar an tábhacht a bhaineann le seachadadh digiteach; rinneadh é sin a neartú le torthaí an tsuirbhé úsáideoirí a rinneadh i lár na bliana. Cé gur thug 92% de na freagróirí cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta go pearsanta, léirigh siad gurbh fhearr leo i bhfad rochtain dhigiteach ar bhailiúcháin - rinne 41% díobh cóipeanna digiteacha ar líne a rátáil mar an bhformáid rochtana is úsáidí, agus léirigh 29% díobh gurbh fhearr leo míreanna bunaidh sna seomraí léitheoireachta agus dúirt 8% díobh gurbh fhearr leo facsamhalacha cruachóipe sna seomraí léitheoireachta agus i suíomhanna eile.

Mar chuid dár gclár oibre chun freastal ar éilimh úsáideoirí fhabhráithe, bunaíodh Clár um Dhigitiú na Leabharlainne Náisiúnta i mí an Mheithimh 2011 agus tá cur síos déanta air thíos sa rannán um ‘leabharlann Dhigiteach’.

I rith 2011, rinneamar ár gclár um meáin shóisialta a fhorbairt tuilleadh. Chuir an clár seo ar ár gcumas teagmháil idirghníomhach a dhéanamh le daoine aonair, eagraíochtaí agus institiúidí cultúrtha, turasóireachta agus oideachais eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ag forbairt ar ár n-obair reatha leis an láithreán roinnte grianghraf Flickr, rinneadh cuid de na Flickr Commons dúinn i mí an Mheithimh 2011 (<http://www.flickr.com/photos/nlireland/>). Faoi mhí na Nollag, breathnaíodh ar na grianghraif 591,552 uair ar fud an domhain, agus rinne pobal gníomhach tráchtanna agus chuir siad eolas breise ar fáil ar gach ceann. I mí Iúil 2011, cuireadh blag NLE beo ar an idirlíon mar mhodh chun ár dtionscadail, bailiúcháin, imeachtaí agus taispeántais mar aon le hobair ár bhfoirne sa chúlráid a thabhairt chun suntais.

Leabharlann dhigiteach

Baineadh dul chun cinn suntasach amach le linn 2011 ar gach ceann de na trí chlár idirghaolmhara maidir le hobair inar díróidh ar leabharlann dhigiteach a sheachadadh. Áiríodh orthu siúd:

Clár Bonneagair um Leabharlann Dhigiteach (Oscáil) chun bogearraí sainleabharlainne agus athrú próisis a sheachadadh.

Fuaireamar gradam Foinse Oscailte r-Rialtais dár gcatalóg ar líne in 2011. Rinneadh tuilleadh feabhsuithe ar an gcatalóg le linn na bliana, lena n-áirítear comhtháthú le Leabhair Google, Flickr, Europeana, sonraí ransáithe gréasáin, Léarscáileanna Google agus an Leabharlann Oscailte.

Cuireadh céim bailithe ceanglas maidir le stór digiteach a chur i bhfeidhm chun ár n-ábhar digiteach a bhainistiú agus a stóráil i gcrích, agus tá cur i bhfeidhm an stóir beartaithe le haghaidh 2012.

I gcomhthéacs aistriúcháin, cuireadh dul chun cinn ar athrú agus uathoibriú próisis chun cinn trí úsáid mhéadaithe as ár gcóras bainistíochta Leabharlainne. Chun bainistíocht leabharlainne agus seachadadh seirbhíse feabhsaithe a éascú, tionscnaíodh treoirhionscadail maidir le próisis sealbhaithe agus scaipthe. Bhí na treoirhionscadail sin bunaithe ar na 15 phrionsabal maidir le hOscáil a glacadh chun athrú próisis a spreagadh. Cuireadh léiriúcháin d’fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta ar siúl maidir leis an obair a bhí á déanamh chun institiúid den 21ú haois a dhéanamh den leabharlann; d’fhreastail 70 ball foirne air.

In 2011, bhíomar páirteach in athrú tapa ar ár sonraí leagáide lena n-áirítear athrú ar 50,000 tuairisc ghrianghrafadóireachta a rinneadh go himhíonach. Chuireamar tús chomh maith le dhá thionscadal seachfhoinisithe an-suntasacha: athrú ar an gCatalóg Leabhar Coimeádta agus athrú Chatalóg Joly agus Bailiúcháin Cheoil Bhreise.

Dírítear sa Chlár um Dhigitiú ar dhigitiú ábhair Leabharlainne inmheánach agus seachfhoinisithe a sheachadadh. Ceapadh ball foirne mar bhainisteoir chun seachadadh tionscadail digitithe a stiúradh agus a chomhordú ar fud ár réimsí bailiúcháin uile, lena n-áirítear seachadadh seirbhíse digití.

An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta (CNG)

I mí Dheireadh Fómhair 2011 bhí rímhíad orainn a bheith ábalta an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta (CNG) a athoscailt agus sannadh foireann ceithre bhall air.

Chomh maith leis an Seomra Léitheoireachta a athoscailt sa CNG is é an príomhchlár oibre a tosaíodh in 2011 mórshéiceáil stoic ar na bailiúcháin ghrianghrafadóireachta, ina bhfuil os cionn 4.5 milliún mír, le húsáid mar bhonn eolais i gcomhair straitéis bainistíochta bailiúcháin (lena n-áirítear pleanáil um chatalógú agus digitiú) le haghaidh na mblianta amach romhainn. I measc gníomhaíochtaí eile a rinneadh le linn 2011 bhí mór-chomhoibriú le Páipéir Nuachta an ‘Independent’ maidir le sraith forlontaí irisí, gach ceann díobh ag díriú ar dheich mbliana éagsúil sa 20ú haois.

Tacaíocht agus saoráidí taighde

Tugadh os cionn 32,000 cuairt taighde ar ár seomraí léitheoireachta agus ár seirbhísí comhairle um stair teaghlaigh in 2011, agus eisíodh 4,703 ticéad iomlán léitheoirí le linn na bliana. Tháinig méadú ar na líonta cuairteoirí ar ár seirbhísí comhairle um stair teaghlaigh ó 7,083 in 2010 go 8,035 in 2011, agus rinneadh acmhainní foirne tiomanta na Leabharlainne Náisiúnta a fhorlíonadh le comhairle ghairmiúil ginealais idir Meitheamh agus Meán Fómhair - an tréimhse is mó éilimh. Rinneadh obair bhonneagair chun tabhairt isteach WiFi a chumasú i rith na bliana agus cuirfear rochtain WiFi i bhfeidhm ar fud na Leabharlainne in 2012.

Foghlaim, taispeántais agus imeachtaí

Foghlaim

Leanadh dár gclár um thacaíocht agus cur chun cinn na foghlama, agus teagmháil a dhéanamh lenár bpobail le linn na bliana, lena n-áirítear imeachtaí maidir le Seachtain Leabharlanna na hÉireann, Seachtain na hOidhreacht agus an Oíche Chultúir. Le cuidiú deonach ó líon dár bhfoirne, d'fhan na foirgnimh ar oscailt ar an Oíche Chultúir go dtí 11pm, ag cur fáilte roimh os cionn 1,000 cuairteoir.

Rinneadh gníomhaíochtaí foghlama a cheapadh, a fhorbairt agus a sheachadadh do gach leibhéal agus gach cumas. I gcomhair leis an taispeántas teaghlaigh *Tall Tales & Deadly Drawings*, thairgearm mórchlár gníomhaíochta teaghlaigh i samhradh 2011. D'fhreastail beagnach 500 páiste agus duine fásta ar shraith ceardlanna gníomhaíochta agus imeachtaí seanchais, éascaithe go mór ag na scoláireachtaí sa Rannóg Foghlama agus For-rochtana. Le cois na ngníomhaíochtaí samhraidh sin, bhain os cionn 3,000 cuairteoir (ó dhaltai bunscóile go dtí turasóirí cultúrtha) leas as turas nó ceardlann le linn 2011.

Leanamar dár gclár leanúnach maidir le ceardlanna teagmhálacha ar ár mbailiúcháin le cliaint Eoin Dé, agus leanamar dár gclár mhóréilimh le hOideachas Aosaigh Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath ina n-oibríonn coimeádaithe bailiúcháin le mic léinn le hoibriú ar ábhar bunaidh. D'fhorbraíomar ár gcaidreamh tuilleadh le Bealtaine, an eagraíocht sheachbhrabúsach náisiúnta a chuireann deiseanna chun cinn do dhaoine scothaosta chun páirt níos mó a bheith acu sa tsochaí trí chomhpháirtíochtaí.

Tionóladh an dara céim den tionscadal Wild Bees Nest, tionscadal taighde agus léiriúcháin do cheoltóirí traidisiúnta in 2011. Rinne rannpháirtithe amhráin úra a scríobh agus a sheinn bunaithe ar eachtraí stairiúla arbh shuim leis na ceoltóirí agus léiríodh iad ag dhá cheolchoirm a léiríodh os coinne lucht éisteachta/féachana lán go béal sa Leabharlann Náisiúnta i mí na Bealtaine.

San Fhómhar, ghlac buaiclón daltaí iar-bhunscóile páirt (1,750) in POETRY ALOUD, an mórchomórtas labhartha filíochta le haghaidh scoileanna. Eagraíonn an Leabharlann Náisiúnta, i gcomhair le Filíocht Éireann, an comórtas bliantúil seo atá á réachtáil ó 2006 i leith. Ba í seo an chéad bhliain a bhuaigh mac léinn ó Thuaisceart Éireann an comórtas fosta.

Taispeántais

Bhí ár gcéad taispeántas suntasach do theaghlaigh agus do pháistí, *Tall Tales & Deadly Drawings*, inar díriodh ar ár mbailiúcháin de leabhair pháistí agus léaráidí leabhair a dhéanamh inrochtana do lucht éisteachta/féachana do gach aois, ar siúl le linn 2011 i bPríomh-Halla na Leabharlainne Náisiúnta. Lean ár dtaispeántais *Yeats agus Discover* de lucht éisteachta/féachana mór a mhealladh, agus bhí modúl sealadach sa taispeántas *Discover* maidir le Cumann na Scríbhneann nGaedhilge in 2011.

Sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta (CNG) i mBarra an Teampaill réachtáladh, *Power and Privilege: photographs of the Big House in Ireland 1858-1922* go dtí mí na Bealtaine 2011, agus chuaigh sé ar taisteal go dtí Músaem Shaol na Tuaithe níos déanaí sa bhliain. I mí an Mheithimh, thionóladh seó dheireadh na bliana Scoil Chéimithe Grianghrafadóireachta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus i mí Iúil thionóladh taispeántas Fhéile Photolreland *Martin Parr's Best Books of the Decade*. Ar deireadh, osclaíodh *Small Lives: Portraits of Irish Childhood* i mí Lúnasa, agus mheall sé os cionn 27,000 cuairteoir faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh mórchlár taispeántais taistil a chur i bhfeidhm do scoileanna agus do leabharlanna poiblí in 2011 chomh maith, ag cur bailiúcháin de chuid na Leabharlainne Náisiúnta ar fáil ar fud oileán na hÉireann. Díreann sna taispeántais ar ghnéithe éagsúla dár mbailiúcháin amhail léarscáileanna, páipéir nuachta agus araltas. Tá bosca fionnachtana ag gabháil le gach taispeántas, agus tá ábhair fhoghlama iontu do leibhéal éagsúla is féidir a íoslódáil díreach ó láithreán gréasán na dtaispeántas.

Imeachtaí

Le linn na bliana, leanamar dár gclár rialta saor in aisce d'imeachtaí agus léachtaí, lena n-áirítear an tsraith 'Library Late' ina ndearnadh scrúdú ar fhicsean móréilimh agus scríbhneoireacht coirscéalta na hÉireann. Bhí an file Andrew Motion, an ceoltóir Andrea Corr, an máistirphíobaire Liam O'Flynn, an staraí, an tOllamh Roy Foster agus an saineolaí ar Yeats Joseph M. Hassett, i measc daoine eile, páirteach i bhféile 'Summer's Wreath', inar comóradh beatha agus saothair WB Yeats.

Le linn an earraigh, thug an Dr Conor Lucey, Patrick Bowe, an Dr Terence Dooley agus an tOllamh Christopher Ridgway léachtaí san earrach ar théamaí a bhain le taispeántas an CNG *Power and Privilege*, agus i mí Dheireadh Fómhair thug an tOllamh L Perry Curtis Sóisearach, an Léacht RI Best Memorial, i gcur i láthair dar teideal ‘Post Famine Perceptions of Irish Landlords’.

In éineacht le *Stair Éireann (History Ireland)*, thionólar roinnt imeachtaí ar ‘Scoileanna Scairte’ le linn na bliana, ina raibh díospóireacht bheoga i gceist ar thopaicí chomh éagsúil le saol Naomh Pádraig, comóradh Éirí Amach 1916, agus Teistíochtaí 1641. Amhail a réamhtheachtaithe ón 18ú haois, tá na scoileanna scairte a reáchtáilann *Stair Éireann* beagán treascrach chomh maith – teaghlaim uathúil de chruinnithe comhchéime dáiríre agus spraoíúla arna stiúradh ag sain-rannpháirtithe, mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach ag lucht éisteachta/féachana i gcoitinne, agus teagmháil leo.

Oifig an Phríomh-Arait

Déantar taighde in Oifig an Phríomh-Arait ar armais agus ionchomharthaí armais eile agus déantar iad a dheonú agus a dhearbhu inti.

Le linn 2010, d’eisigh an Príomh-Arait dhá phaitinn armais déag, lena ndearnadh marcanna armais a dheonú, a dhearbhu nó a dheimhniú. Deonaíodh armais do Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach, agus dearbhaíodh armais do Dheoise Choinnire, do Dheoise an Dúin agus an Droma Mhóir an 1 Eanáir 2011, 900 bliain óna mbunú. I measc na bpaitinní d’armais phearsanta le linn 2011 bhí an tArmas do Gerard Breen, iar-Ard Mhéara Chathair Bhaile Átha Cliath, agus an t-armsa don Dr. Saad Fuad Habba, saoránach Éireannach a rugadh san Iaráic ar gaistrentreolaí suntasach é atá ina chónaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá anois agus as a bhfuil Habba Syndrome ainmnithe.

Is do dhaoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d’Éirinn beagnach leath dóibh siúd ar deonaíodh armais nó deimhnithe armais dóibh le linn 2011, ag leanúint do thraidisiún fada na hOifige maidir le seirbhísí a sholáthar d’Éireannaigh ar fud an Domhain.

Lean an fhoireann ag Oifig an Phríomh-Arait d’idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe na Leabharlainne Náisiúnta agus le comhlachtaí seachtracha, d’fhoth cur lenár láithreach ar líne agus feabhas a chur ar inrochtaineacht ar ábhar lámhscríbhinní na hOifige Ginealais. Rinneadh obair le hIonad Taighde Shinsearach na hÉireann ag Ollscoil Luimnigh chun treoirthionscadal maidir le tráinsí ábhar lámhscríbhinní na hOifige Ginealais a dhigitiú.

Bainistíocht agus forbairt acmhainní daonna

Bhí a lán dúshlán maidir le hacmhainní daonna os cionn na Leabharlainne Náisiúnta fós le linn 2011. I ngeall ar an an moratóir ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí mar aon le laghduithe ar bhuiséid tháinig laghdú ar na líonta foirne go dtí 92.5 (coibhéis lánaimseartha) faoi dheireadh na bliana. D’éirigh ceithre bhall foirne as in 2011.

Tá an laghdú leanúnach sna hacmhainní airgeadais agus daonna araon fós ina mhórfhadhb don Leabharlann Náisiúnta i gcomhthéacs a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus fosta i dtéarmaí a cumas seirbhísí na Leabharlainne a mhéadú chun ionchais phobal na hÉireann maidir le teicneolaíocht an 21ú haois a chomhlíonadh.

In ainneoin na srianta sin lean an Leabharlann de dhul chun cinn a dhéanamh ar a haistriú go hinstiúid den 21ú haois. Le linn na bliana rinneadh clár píolótach sé mhí sna seomraí léitheoireachta chun seirbhísí níos inbhuanaithe d’úsáideoirí ar láithreán a thriail agus cleachtais oibre níos éifeachtúla a éascú ag an am céanna i ngach réimse eile de ghníomhaíocht na Leabharlainne trí obair athstruchtúrtha agus trí phatrúin uainchláir don fhoireann. Mar thoradh air sin, tá córas uainchláir úr i bhfeidhm anois don fhoireann; rinne an córas, a sholáthraíonn seirbhísí sna seomraí léitheoireachta, roinnt fadhbanna maidir le hacmhainní a chur ar fáil a mhaolú.

Lena chois sin, d’oibrigh bainistíocht na Leabharlainne Náisiúnta le príomhbhaill foirne chun beartas glao-dhualgais 24 uair a thabhairt isteach trína bhfuil foireann oilte Leabharlainne ar fáil má tharlaíonn cás éigeandála i dtaca le foirgnimh na Leabharlainne, nó le bailiúcháin lasmuigh de na gnáthuaireanta oscailte.

Plean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh

Leanann bainistíocht agus foireann na Leabharlainne Náisiúnta de cheanglais Phlean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh a chomhlíonadh. Bunaíodh Comhairle Fostaithe na Leabharlainne Náisiúnta (ar a dtugadh an Coiste comhpháirtíochta roimhe seo) in 2011 agus d'oibrigh an fóram seo ar roinnt ceisteanna faoi Phlean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh.

Tugadh faoi iniúchadh cuimsitheach ar scileanna agus rinneadh é a chur i gcrích i dtús 2011. D'aistrigh roinnt baill foirne a ról agus tugadh deiseanna forbartha do lear de na baill foirne in oiliúint theicniúil agus forbartha pearsanta araon. Rinne trí bhall foirne cláir mháistreachta arna dtacú ag an Leabharlann Náisiúnta.

Lean an Leabharlann dá córas um fhorbairt bainistíochta feidhmíochta foirne a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt in 2011. Cuirtear béim láidir ar thintreamh maith. Ba ionann an ráta neamhláithreachta agus 1,223 lá arbh ionann é sin agus 4.4% d'uaireanta a d'oibríodh in 2011.

Táthar ag fanacht le faomhadh dréacht-scéimeanna aoisliúntais don Leabharlann Náisiúnta ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir Alt 33 den Acht um Fhorais Chúltúir Náisiúnta, 1997.

Scoláireachtaí agus oibrithe deonacha

Bhí an Leabharlann Náisiúnta ábalta an deis a thabhairt do mhic léinn agus daoine eile a raibh taithí oibre á lorg acu taithí luachmhar a fháil san institiúid, agus mar sin ag dul chun sochair na Leabharlainne agus rannpháirtithe na taithí oibre araon. Bhí 32 socrúchán gan phá agus 15 scoláireacht íoctha ar fad i gceist le linn 2011.

Sláinte agus sábháilteachta

Chuir Coiste Sláinte agus Sábháilteachta na Leabharlainne Náisiúnta tús le hobair maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta na Leabharlainne le linn an dara leath de 2011.

Seirbhísí comhroinnte

Le linn 2011, chuir bainistíocht na Leabharlainne Náisiúnta tús le próiseas um scrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le seirbhísí a chomhroinnt sna réimsí airgeadais, acmhainní daonna agus riaracháin lena comheagraíochtaí i gComhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta.

Seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna

Cuireadh an Leabharlann Náisiúnta san áireamh i ngrúpa de 40 comhlacht sibhialta agus seirbhíse poiblí atá ag glacadh páirte i dtreoirhionscadal seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna. Chuir pearsanra acmhainní daonna le seisiún agus suirbhéanna roinnte faisnéise mar chuid de luathchéimeanna an treoirhionscadail.

Ráitis airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch

31 Nollaig 2011

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu na Polasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú an dlí is infheidhme agus an cleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis in Éireann.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar dearcadh fíor agus cothrom iontu maidir le staid ghnóthaí an Bhoird agus staid a ioncaim agus a chaiteachais, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í m'fhreagrachsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil a thabhairt maidir leo de réir an dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta atá ceangailte le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchtóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeain Eiticiúla Iniúchóirí Bhord na gCleachras Iniúchtóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na méideanna agus na neamhchosaintí sna ráitis airgeadais, go leor fianaise d'fhonn dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis seo measúnú ar:

- an bhfuil na polasaithe cuntasáíochta cuí maidir le cúinsí an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán cuntasáíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaim fianaise a fháil chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais agus iniúchadh á dhéanamh.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar mhíríteis nó ar neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bhainfeadh le mo thuarascáil.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

I mo thuairimse, tugtar dearcadh fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh go cuí de réir an chleachtas chuntasáíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí an Bhoird an 31 Nollaig 2011 agus staid a ioncaim agus a chaiteachais don bhliain sin dar críoch.

I mo thuairimse, choinnigh an Bord leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Cúrsaí ar a dtugaim tuairisciú trí eisceacht

Tugaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- braitheadh i m'iniúchadh cás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- níl na fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain dár n-ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird i dtaca leis an gCód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Poiblí, nó
- tagaim ar chúrsaí ábhartha eile maidir leis an dóigh ar cuireadh an gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí siúd ar a ndéantar tuairisciú trí eisceacht.



Andrew Harkness

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Nollaig 2012

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Ceanglaítear ar an mBord faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé a fhaomhadh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta anois) le comhthoilíú ón Aire Airgeadais.


Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar an mBord:

- Polasaithe cuntasafóchta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mbun gnó; agus
- Imeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasafóchta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ina gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 35 den Acht.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh le haghaidh calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird:



David Harvey
Cathaoirleach



Fiona Ross
Stiúrthóir

Dáta:
20 Nollaig 2012

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as ár gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am tráthúil.

Príomhnósanna imeachta

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir; agus
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun cliseadh suntasach rialaithe a thuirisciú;
- beart ceartaitheach cuí a chinntiú.

Is féidir leis an mBord dul chun cinn suntasach a thuirisciú maidir le nósanna imeachta a bhunú chun riosca gnó a shainaithint agus a mheas, lena n-áirítear:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na riosca atá le sárú ag an gcomhlacht lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé is iomchuí;
- an chosúlacht go dtarlódh na rioscaí a shainaithnítear a mheasúnú;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a fheidhmiú maidir leis an sochar a fhaigítear.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat maidir le faisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmhligin agus cuntasachta. Go sonrach, áirítear air:


- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an Bord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne tuartha; agus
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.

Rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an fheidhm iniúchtóireachta inmheánaí a sheachfhoinníú, a fheidhmítear de réir an Ghréasáin do Chód Cleachtais arna leagan amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Formhuíonn an Coiste Iniúchtóireachta an anailís riosca agus na pleananna iniúchtóireachta inmheánaí agus faomhann an Bord iad. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchtóireachta go rialta don Bhord agus soláthraíonn siad tuarascáil chuimsitheach don Bhord maidir leis an ngníomhaíocht iniúchtóireachta inmheánaí gach bliain.

Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Aithníonn an Bord a fhreagracht maidir lena chóras um rialú inmheánach airgeadais. Chun na críche sin, tá athbhreithniú rialta déanta aige, go díreach agus trí thuarascálacha ón gCoiste Iniúchtóireachta, ar na rialuithe inmheánacha airgeadais agus tá sé sásta i dtaca lena n-éifeachtúlacht. Leanfaidh sé den fhreagracht sin a chomhlíonadh.

Thar ceann an Bhoird:



David Harvey
Cathaoirleach



Fiona Ross
Stiúrthóir

Dáta:
20 Nollaig 2012

Polasaithe Cuntasaíochta

1. An Bunús le cuntasaíocht

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhráithe, ach amháin mar a shonraítear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Déantar na caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta a ghlacadh de réir mar a éiríonn siad infheidhme.

2. Ioncam a aithint

Tugtar cuntas ar dheontais ó Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois) ar bhonn fáiltas agus is ionann iad agus deontais airgid a fuarthas le linn na bliana.

3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag an gcostas lúide dímheas. Déantar dímheas, a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolréanna fóna measta, de réir méid chothroim, ag na rátaí seo a leanas

- Trealamh ríomhairí 4 bliana
- Troscán agus feistis 10 mbliana
- Trealamh oifige agus ginearálta 5 bliana

4. Sócmhainní oidhreachta agus bailiúcháin Leabharlainne

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 is leis an Stát bailiúcháin na leabharlainne uile ar a ndéanann Bord na Leabharlainne bainistíocht.

- Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne ábhar na Leabharlainne i mbailiúchán na Leabharlainne a choimeád, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus chun taifead d'ábhar na leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann le teanga na Gaeilge) maidir le hÉirinn a bhunú agus a chothabháil agus cur le soláthar na rochtana ag baill an phobail ar ábhar a bhaineann lena dtír.
- Tá an chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun bailiúcháin na Leabharlainne a mhéadú.
- Tá an chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith chun ábhair a thabhairt ar iasacht, faoi réir fhorálacha Alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Tá an chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith chun ábhair na leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha Alt 18 (2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Dar leis an mBord ní féidir faisnéis iontaofa a fháil ar chostais agus luacháil maidir leis na míreanna ar fad atá á sealbhú sna bailiúcháin i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is é is cúis leis sin cineál éagsúil na n-ábhar atá á sealbhú, líon na míreanna sna bailiúcháin agus an easpa luachanna margaidh inchomparáide. Dá réir sin ní aithníonn an Leabharlann a bailiúcháin ar fad mar shócmhainní sa Chlár Comhardaithe seachas na sealbhuithe a chosnaigh níos mó ná €5,000 nó ar ar cuireadh an luach sin agus a ceannaíodh nó a fuarthas mar bhronntanas ó bunaíodh an Bord i mí na Bealtaine 2005. Rangaítear iad sin mar shócmhainní oidhreachta sa Chlár Comhardaithe.
- Sainítear sócmhainn oidhreachta mar shócmhainn inláimhsithe ag a bhfuil tréithe stairiúla, ealaíonta, eolaíocha, teicneolaíocha, geoifisiceacha agus comhshaoil a shealbhaítear agus a chothabháiltear go príomha chun a críocha eolais agus cultúir.
- Déantar sonraí ar shealbhuite a thuairisciú ag an gcostas sna nótaí a ghabhann leis na cuntais sa chás gur ceannaíodh an mír, nó ar mheastachán is fearr na Leabharlainne ar an luach reatha sa chás gur bronntanas atá sa mhír.

- Maoinítear gach sealbhú le haghaidh an bhailiúcháin a chosnaíonn níos mó ná €5,000 ó leithdháileadh maoiniúchán caipitil na Leabharlainne le haghaidh na bliana, agus maoinítear sealbhuithe a chosnaíonn níos lú ná €5,000 ón leithdháileadh maoiniúcháin reatha.
- Déantar bronntanais a thaifeadadh ag luacháil reatha a dhearbhaíonn Coimeádaithe na Leabharlainne le tagairt, más féidir, do mhargaí tráchtála agus an fhaisnéis idirbheart is deanaí ó cheantanna á húsáid.
- Déantar bronntanais, sa chás go mbaineann an Leabharlann Náisiúnta leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a thaifeadadh ar bhonn luacháil Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Ní dhéanann an Leabharlann Náisiúnta na sócmhainní oidhreachta a dhímheas.

5. Costais a bhaineann le caomhnú

Aithnítear an caiteachas le haghaidh caomhnúcháin a theastaíonn, dar leis an mBord, chun míreanna aonair a chaomhnú nó a chosaint ó thuilleadh meatha sa chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a thabhaítear é.

6. Stoic

Aithníodh costais na stoc le haghaidh athdhíola sa chlár comhardaithe ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

7. Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid an ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta agus sócmhainní oidhreachta a cheannach.

8. Aoisliúntas

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, rinneadh scéim aoisliúntais a dhréachtú agus a chur isteach chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois) le faomhadh ón Aire agus comhthoilíú ón Aire Airgeadais a fháil ina leith.

Feidhmíonn an Leabharlann Náisiúnta scéim pinsean sochair shainithe a bhí á maoiniú, ó bunaíodh an Bord, ar bhonn bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois) ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Tomhastar dliteanais Scéim Pinsean ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn costais pinsean sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Leabharlann Náisiúnta. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam go dtí an méid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirítear é trí dheontais a fhaightear sa bhliain ón Roinn chun an Leabharlann Náisiúnta, lena n-áirítear a dliteanais íocaíochta a mhaoiniú.

Déantar gnóthachain nó cailteanais a thagann as athruithe sna boinn tuisceana achtúireacha agus, ó thaithí, barrachas agus easnaimh a aithint sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána le haghaidh na bliana ina dtabhaítear iad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois).

Léiríonn dliteanais pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an méid comhfhreagrach atá an Bord i dteideal, dar leis, a fháil ar ais amach anseo ón Roinn.

9. Airgeadraí eachtracha

Déantar idirbhearta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha agus a thiompú go euro ag na gnáthrátaí le linn na bliana ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na bliana.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha a thiompú go euro ag na rátaí malairte a bhí i réim ar dháta an chláir chomhardaithe, agus cuireadh na gnóthachain agus na cailteanais a bhí mar thoradh air sin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na bliana.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na bliana dar críoch

31 Nollaig 2011

IONCAM	Nóta	Athshonraithe	
		2011 €	2010 €
Deontas Oireachtais	2	8,084,000	9,251,000
Ioncam eile	3	102,361	73,591
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	21(c)	1,326,000	1,637,000
IONCAM IOMLÁN		9,512,361	10,961,591
CAITEACHAS			
Tuarastail	20	6,411,823	6,410,721
Costais foirgneamh	4	700,963	672,531
Riarachán	5	805,733	750,114
Táillí gairmiúla	6	302,232	217,512
Bailiúcháin	7	575,872	749,554
Caomhnúchán		158,217	164,408
Leabharlann dhigiteach		40,114	10,260
Tionscadail chomhoibríthe	8	145,665	79,858
Oideachas & For-rochtana	9	222,548	537,306
Seirbhísí do léitheoirí/custaiméirí	10	106,631	157,933
Dímheas	11	575,629	601,568
CAITEACHAS IOMLÁN		10,045,427	10,351,765
IONCAM/(CAITEACHAIS) OIBRIÚCHÁIN		(533,066)	609,826
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil:			
Sócmhainní seasta – oibriúcháin	17(a)	(191,173)	247,667
Sócmhainní oidhreachta	17(b)	(1,991,725)	(2,542,884)
Sócmhainní oidhreachta tugtha mar bhronntanas		1,795,000	2,103,695
BARRACHAS/(EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN		(920,964)	418,304
Barrachas tugtha ar aghaidh		2,086,092	1,667,788
Barrachas curtha ar aghaidh		1,165,128	2,086,092

Is cuid dhílis iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 24 de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



David Harvey
Cathaoirleach



Fiona Ross
Stiúrthóir

Dáta:
20 Nollaig 2012

Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteantais Aitheanta Iomlána

31 Nollaig 2011

	Nóta	Athshonraithe	
		2011 €	2010 €
Barrachas/(Easnamh) le haghaidh na tréimhse		(920,964)	418,304
Gnóthachain/(cailteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéim pinsean		318,000	1,353,000
Éifeacht na n-athruithe sna boinn tuisceana achtúireacha		<u>(2,813,000)</u>	<u>(1,157,000)</u>
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsean	21(b)	(2,495,000)	196,000
Coigeartú ar an maoiniú pinsean iarchurtha		2,495,000	(196,000)
Gnóthachan/(cailteanas) iomlán le haghaidh na tréimhse		<u>(920,964)</u>	<u>418,304</u>

Thar ceann an Bhoird:



David Harvey
Cathaoirleach



Fiona Ross
Stiúrthóir

Dáta:
20 Nollaig 2012

Clár Comhardaithe amhail

31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €	Athshonraithe 2010 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta – oibriúcháin	11	1,768,641	1,577,468
Sócmhainní oidhreachta	12	11,662,329	9,670,604
		13,430,970	11,248,072
Sócmhainní reatha			
Stoic	13		73,005
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	14	135,994	157,841
Airgead sa bhanc		1,705,642	2,840,847
		1,841,636	3,071,693
Crediúnaithe:			
Méideanna atá dlite laistigh de bhliain	15	638,884	947,579
Glansócmhainní		1,202,752	2,124,114
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha			
		14,633,722	13,372,186
Crediúnaithe:			
Méideanna atá dlite i ndiaidh bliana			
Crediúnaithe	16	37,624	38,022
Maoiniú pinsean iarchurtha	21(c)	26,630,000	22,809,000
Dlíteanais phinsean	21(b)	(26,630,000)	(22,809,000)
		14,596,098	13,334,164
Arb ionann iad agus:			
Cuntas Caipitil:			
Sócmhainní seasta oibriúcháin	17(a)	1,768,641	1,577,468
Sócmhainní seasta oidhreachta	17(b)	11,662,329	9,670,604
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	18	1,165,128	2,086,092
		14,596,098	13,334,164

Is cuid dhílis iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 24 de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird:



David Harvey
Cathaoirleach



Fiona Ross
Stiúrthóir


Dáta:
20 Nollaig 2012

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid le haghaidh na bliana dar críoch

31 Nollaig 2011

	2011 €	2010 €
Réiteach an ghlanbharrachais oibriúcháin		
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin	(920,964)	418,304
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil - oibriúcháin	191,173	(247,667)
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil - sócmhainní oidhreachta	1,991,725	439,189
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil - bronnánais	(1,795,000)	0
Dímheas	575,629	601,568
(Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe	21,847	(57,377)
Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe	(309,093)	248,099
(Méadú)/laghdú i stoic	73,005	47,085
Ús bainc	(6,500)	(4,172)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(178,178)	1,445,029
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(178,178)	1,445,029
Íocaíocht chun sócmhainní seasta a cheannach	(766,802)	(353,901)
Íocaíocht chun sócmhainní oidhreachta a cheannach	(196,725)	(439,189)
Fáltas ar infheistíocht	6,500	4,172
Méadú/(laghdú) in airgead tirim	(1,135,205)	656,111
Réiteach an ghlanreafa airgid le gluaiseachtaí sna glanchistí		
Glanchiste amhail 31 Nollaig	1,705,642	2,840,847
Glanchiste amhail 1 Eanáir	2,840,847	2,184,736
Gluaiseacht sna glanchistí le haghaidh na bliana	(1,135,205)	656,111
Anailís ar athruithe sa ghlanfhiach/(glanchistí)		
	Airgead sa bhanc agus ar lámh	Rótharraingt bainc
Amhail 31 Nollaig 2010	2,840,847	-
Sreabhadh airgid thirim	(1,135,205)	2,840,847
Amhail 31 Nollaig 2011	<u>1,705,642</u>	<u>1,705,642</u>

Thar ceann an Bhoird:



David Harvey
Cathaoirleach



Fiona Ross
Stiúrthóir

Dáta:
20 Nollaig 2012

Nótaí (atá ina gcuid de na ráitis airgeadais)

1. Bunú Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Réamhrá

Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách an 3 Bealtaine 2005 faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (an “tAcht” anseo feasta) le Bord agus Stiúrthóir (Príomhfheidhmeannach). Cuireadh deireadh leis an gComhairle Iontaobhaithe ag a raibh ról maoirseachta thar an Leabharlann ón dáta sin i leith.

An Bord

Faoi Alt 19 den Acht, cuimsítear cathaoirleach agus 11 ghnáthbhall ar an mBord.

Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne Náisiúnta, arna leagan amach in Alt 12 den Acht:

“an t-ábhar i mbailiúcháin na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus cur leo ar mhaithe leis an bpobal agus taifead a bhunú agus a choimeád ar ábhar na leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) i ndáil le hÉirinn agus cur leis an soláthar rochtaine ón bpobal i gcoitinne ar ábhair a bhaineann le tíortha eile”.

Maoiniú

Is í príomhfoinse mhaoiniúcháin na Leabharlainne deontais a thugann an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta anois) faoi Alt 27 den Acht. Gineann an Leabharlann ioncam chomh maith ó roinnt gníomhaíochtaí amhail na siopaí, atáirgí, araltas, saincheadúnais lónadóireachta agus táillí ó fheidhmeana corparáideacha.

2. Deontais Oireachtais

	2011 €	2010 €
Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	8,084,000	9,251,000
	8,084,000	9,251,000

3. Ioncam Eile

	2011 €	2010 €
Díolacháin siopa	51,873	83,651
Costas na n-earraí a díoladh:		
Stoc tosaigh	73,005	120,090
Ceannacháin	7,918	49,426
Stoc deiridh	0	(73,005)
	80,923	96,511
Tuarastail	34,808	75,676
Costas iomlán na ndíolachán*	115,731	172,187
	(63,858)	(88,536)
Ioncaim ríchíosanna & atáirgí	7,751	8,477
Ioncam araltais	37,000	37,378
Feidhmeanna corparáideacha	9,256	1,250
Bialann	15,987	16,492
Seirbhísí cóipeála	92,012	100,623
Urraíochta	2,008	0
Ioncam úis	6,500	4,172
Gnóthachain/(caillteanais) ráta malairte imeachtaí	(7,382)	(8,902)
Ioncam ilghnéitheach	3,087	2,637
Ioncam Iomlán Eile	102,361	73,591

I ngeall ar chailteanais leanúnacha agus cailteanais foirne dúnadh siopa na Leabharlainne i mí Iúil 2011. Rinneadh na trí bhall foirne páirtaimseartha a ath-implonú laistigh den Leabharlann.

* Rinneadh na stoic uile dar luach €62,579 nár díoladh a dhíscríobh.

4. Costais na bhfoirgneamh

	2011 €	2010 €
Glanadh	50,870	52,468
Tuarastail	9,071	9,636
Fóntais	278,424	268,923
Stóráil	140,660	153,839
Slándáil	199,907	133,664
Seirbhísí agus cothabháil	22,031	54,001
	700,963	672,531

5. Costais riaracháin

	Nóta	2011 €	2010 €
Postas agus teileachumarsáid		96,345	106,570
Caidreamh poiblí, margaíocht agus siamsaíocht*		220,861	169,759
Páipéarachas agus soláthairtí oifige		58,104	62,705
Taisteal agus líuntas cothaithe		34,896	21,408
Teicneolaíocht faisnéise		160,681	185,547
Forbairt láithreán gréasáin		4,048	10,570
Árachas		25,148	25,799
Síntiúisí		44,476	43,387
Oiliúint agus costais foirne eile		88,732	65,781
Táillí agus costais an Bhoird	23	67,009	54,417
Ús íocaíochtaí prasa		924	31
Muirir bhainc		4,509	4,140
		<u>805,733</u>	<u>750,114</u>

*Áirítear €326 ar na costais le haghaidh imeachtaí a bhain leis an bhfoireann in 2011 (€1,831 in 2010).

6. Táillí gairmiúla

	2011 €	2010 €
Táillí dlí	124,496	74,644
Costais earcaíochta	16	6,436
Táillí iniúcháireachta	13,202	16,100
Comhairleacht ghinearálta	164,518	120,332
	<u>302,232</u>	<u>217,512</u>

7. Bailiúcháin

(a) Ní raibh bailiúcháin reatha na Leabharlainne Náisiúnta dílsithe sa Bhord ar dháta a bunaithe. Ceapann an Bord go mbeadh sé neamhphraiticiúil luach a chur ar na bailiúcháin sin nó a mbunchostas a dhearbhu agus ní thabharfadh siad, i gcás ar bith, faisnéis a bheadh ábhartha nó úsáideach agus a mhaoirseacht ar na bailiúcháin á measúnú.

Léirítear luach na mbreiseanna leis na bailiúcháin sa Chlár Comhardaithe anois, dar luach os cionn €5,000, ó bunaíodh an Bord i mí na Bealtaine 2005 agus cuirtear na bailiúcháin a fuarthas ar níos lú ná €5,000 ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

(b) Ba ionann an caiteachas ar bhailiúcháin a bhí níos lú ná €5,000 agus a gearradh ar ioncam agus caiteachas agus:

	Athshonraithe	
	2011	2010
	€	€
Leabhair	183,724	152,889
Ar líne agus CD-ROM	75,459	55,531
Ábhar gearrshaolach	20,850	18,329
Scannán agus léarscáileanna	144	4,054
Lámhscríbhinní	110,164	127,023
Páipéir nuachta	41,668	233,702
Foilseacháin oifigiúla	1,223	4
Tréimhseacháin	13,886	18,413
Grianghraif	3,009	4,695
Priontaí agus líníochtaí	25,382	32,081
Tagairt foirne agus ilghnéitheac	2,170	964
An Tionscadal um Riaráistí a Chatalógú	98,193	101,869
	<u>575,872</u>	<u>749,554</u>

(c) Tá formhór na míreanna aonair a shealbhaítear le haghaidh na mbailiúchán de luach íseal amhail, leabhair, páipéir nuachta agus tréimhseacháin. Ceanglaítear ar fhoilseoirí na hÉireann gach ábhar foilsithe a chur i dtaisce sa Leabharlann ach ceannaíonn an Leabharlann gach ábhar foilsithe de chuid Thuaisceart Éireann mar aon le hábhair a fhoilsítear thar lear a bhaineann le hÉirinn de réir cheanglais Alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

8. Tionscadail chomhoibrithe

Le linn 2011 lean an Leabharlann ag obair ar thionscadail chomhoibrithe le hollscoileanna éagsúla. Áiríodh orthu siúd comhoibriú le hOllscoil an New South Wales ar pháipéir William Smith O'Brien (2011: €36,974) agus an treoirthionscadal dhá bhliain le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun deiseanna cultúrtha a iniúchadh lena n-áirítear scoileanna samhraidh, taispeántais, intéirneachtaí cómhálartacha agus stóráil roinnte (2011: €45,001). Rinne an Leabharlann comhaltacht a urrú chomh maith ag NUIM (2011: €28,000) ina ndírítear ar ghabháiltais na Leabharlainne de chíosa eanáil talún agus suirbhéanna léarscáilithe in 2012 agus sparántachtaí do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2011: €20,000) le haghaidh na gcúrsaí MPhil úra as a ndéanfaidh a mhic léinn intéirneacht sa Leabharlann in 2012. Rinne an Leabharlann ranníocaíocht le Fundúireacht Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath (2011: €15,690) ar thionscadal comhoibrithe le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, an NCAD agus NUIM a thacóidh le sraith seimínear comhthrasnach san Fhómhar 2012 ina ndírítear ar bhailiúcháin leabhar maisithe ón 17ú agus 18ú haois i mbailiúchán Sheomra Ealaíne na Leabharlainne.

9. Oideachas agus for-rochtain

	2011	2010
	€	€
Taispeántas William Butler Yeats	64,224	128,594
Strainséirí ina Saoránaigh	0	2,584
Aimsigh do Leabharlann Náisiúnta	38,378	140,945
Taispeántais eile	31,104	89,981
Taispeántais taistil	2,078	125,144
Imeachtaí agus foilseacháin na Leabharlainne	86,764	50,058
	<u>222,548</u>	<u>537,306</u>

10. Seirbhísí do léitheoirí/custaiméirí

	2011 €	2010 €
Costais araltais	30,780	25,443
Aonad Micreascannán	17,427	63,823
Seirbhísí grianghrafadóireachta	12,080	33,446
Seirbhísí ginealais	15,783	0
Seirbhísí eile do léitheoirí	30,561	35,221
	106,631	157,933

11. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Trealamh TF €	Trosacán agus feistis €	Trealamh €	Iomlán €
COSTAS				
Costas amhail 31 Nollaig 2010	1,905,776	1,117,219	1,565,675	4,588,670
Breiseanna	666,004	83,558	17,240	766,802
Sócmhainní dímheasta bainte amach	(518,368)	(166,442)	(260,739)	(945,549)
Diúscairtí	(5,264)	0	(31,743)	(37,007)
	2,048,148	1,034,335	1,290,433	4,372,916
DÍMHEAS CARNTHA				
Amhail 31 Nollaig 2010	1,469,681	459,356	1,082,165	3,011,202
Muirir um dhímheas	296,487	100,298	178,844	575,629
Sócmhainní dímheasta bainte amach	(518,368)	(166,442)	(260,739)	(945,549)
Diúscairtí	(5,264)	0	(31,743)	(37,007)
	1,242,536	393,212	968,527	2,604,275
GLANLUACH LEABHAIR				
Amhail 31 Nollaig 2011	805,612	641,123	321,906	1,768,641
Amhail 31 Nollaig 2010	436,095	657,863	483,510	1,577,468

Úsáideann Leabharlann Náisiúnta talamh agus foirgnimh áta faoi úinéireacht an stáit agus a chothabhálaon Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce. Áirítear orthu siúd Uimhreacha 2 go 5 Sráid Chill Dara agus príomhfoirgneamh na Leabharlainne ag Uimh 7 Sráid Chill Dara. Tá saoráidí stórála ag an Leabharlann chomh maith ag an bPáirc Thiar, Baile Átha Cliath, agus úsáideann an Chartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta áitreabh i mBarra an Teampaill, atá ligthe ar cíós ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Baineadh sócmhainní seasta a dímheasadh go hiomlán agus nach raibh á n-úsáid níos mó ón gclár in 2011.

12. Sócmhainní oidhreachta

	Priontáilte €	Digiteach €	Amharc €	Lámhscríbhinní €	Iomlán €
Costas nó luacháil:					
Ceannacháin Bealtaine 2005 go 2010	1,172,059	863,058	1,138,640	4,393,152	7,566,909
Bronntanais Bealtaine 2005 go 2010	5,000	0	147,000	1,951,695	2,103,695
Amhail 31 Nollaig 2010	<u>1,177,059</u>	<u>863,058</u>	<u>1,285,640</u>	<u>6,344,847</u>	<u>9,670,604</u>
Breiseanna 2011 Bronntanais 2011	32,768	57,041	5,000	101,916	196,725
				1,795,000	1,795,000
Amhail 31 Nollaig 2011	<u>1,209,827</u>	<u>920,099</u>	<u>1,290,640</u>	<u>8,241,763</u>	<u>11,662,329</u>

Mar thoradh ar an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 30 (Sócmhainní Oidhreachta) a ghlacadh, aithnítear sócmhainní maoinithe a fuarthas mar bhronntanas nó oidhrecht sna ráitis airgeadais ar dtús tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Toisc nach raibh glanéifeacht ar an mbarrachas ná ar an easnamh, ní gá coigeartú roimh ré ar bith a dhéanamh. Aithníodh sócmhainní seasta dar luach €11,662,329 mar thoradh ar FRS30 (Sócmhainní Oidhreachta) a ghlacadh. Rinneadh figiúirí comparáideacha maidir leis na Sócmhainní Seasta agus an gCuntas Caipitil a athshonrú leis an athrú a léiríú.

(a) Is é bonn na luachanna a tuairiscíodh le haghaidh breiseanna ar shócmhainní oidhreachta:

- Costas stairiúil sa chás gur ceannaíodh na sócmhainní
- An meastachán is fearr á dhéanamh ag an coimeadaí sa chás gur fuarthas na sócmhainní mar bhronntanas
- Sa chás gur bhain an Leabharlann leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 2002) glacann an Leabharlann luacháil Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

(b) I measc na gceannachán suntasacha le haghaidh na mbailiúcháin in 2011 bhí:

- Cartlann dhigiteach ina raibh sampla de láithreáin ghréasáin a bhain leis an Olltoghchán agus an Togchán Uachtaránachta araon
- Páipéir lámhscríbhinní David Marcus
- Céad imleabhar de *Macbeth* Shakespeare a foilsíodh i mBaile Átha Cliath i 1723

(c) I measc na gceannachán suntasacha le haghaidh na tréimhse 2005 go 2010 bhí:

- Bailiúchán Alan Clodd Beckett (2006)
- Páipéir pharlaiminteacha ón 19ú haois i bhformáid ar líne (2006)
- Cóip de bhun- Fhorógra 1916 (2006)
- Páipéir liteartha Colm Tóibín (2006)
- Os cionn 300 litir phearsanta de chuid Tom agus Kathleen Clarke (2006)
- Páipéir lámhscríbhinní agus litreacha de chuid WB Yeats (2006)
- Páipéir liteartha Paul Durcan (2006)
- Bailiúchán grianghrafadóireachta Colman Doyle (2006)
- Bailiúchán Halliday Yeats (2007)
- Ceadúnas suthain leis *The Irish Times* ar líne (2007)
- Ransú gréasáin idirlín Éireannaigh lena n-áirítear URLanna fearainn leathain 100 milliún agus ransú agus innéacs fearainn fócasaithe 12 milliún (2007)
- Bailiúchán McDonagh (2007)
- Páipéir Coffey/Trench (2007)
- Bailiúchán grianghrafadóireachta Hogan/Wilson lena n-áirítear 167 prionta suite dubh is bán de Chogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathartha (2007)
- Bailiúchán ceoil Padraig O'Neill (2008)
- Cartlann lámhscríbhinní John Montague (2008)
- Dialanna agus lámhscríbhinní William Smith O'Brien (2008)
- Maisiú eagarthóireachta bunaidh leis an údar agus maisitheoir páistí Marie-Louise Fitzpatrick (2009)
- Cartlann liteartha agus phearsanta Hugo Hamilton (1951-2009) (2009)
- Cartlann ar líne Tudors (1509-1603) (2010)
- Cartlann Harry Clarke (2010)

(d) I measc na mbronntanas suntasach in 2011 bhí:

- Cartlann Michéal D Ó hUiginn
- An Chartlann CND Éireannach a thug an CND
- Bailiúchán eile páipéar de chuid Hanna, Francis agus Owen Sheehy-Skeffington
- Páipéir Anna MacBride White nach maireann, lena n-áirítear páipéir dá cuid a máthar móire Maude Gonne MacBride (tiomnacht)

(e) I measc na mbronntanas suntasach sa tréimhe 2005 go 2010 bhí:

- Páipéir Stuart Bridgwater lena n-áirítear litreacha bunaidh WB Yeats, dánta agus leabhair ghearrthóga a thug an tUasal Christina Bridgwater Rees in 2005
- Páipéir an Project Arts Centre (1967-2003) a thug Project Arts Centre in 2006
- Bailiúchán de 900 cartún polaitiúil bunaidh le haghaidh *The Irish Times* a thug an t-ealaíontóir Martyn Turner in 2006
- Cartlann phearsanta David Norris a tugadh in 2007 agus in 2011
- Cartlann phearsanta agus ábhair thaighde a thug Mike Milotte in 2007
- Cartlann liteartha Roddy Doyle a thug an scríbhneoir 2008
- Grianghraif ón 19ú a thóg an grianghrafadóir Edward King Tenison haois a thug Andrew Wilson in 2008
- Páipéir FX Martin a thug Ord na nAgaistíneach in 2010
- Páipéir phearsanta, pholaitiúil agus chultúrtha Seán Hendrick as Corcaigh 1910-71 in 2010
- Cartúin bhunaidh George O'Callaghan, "Till" den pháipéar nuachta *The Irish Press*, ó na 1950idí to 1980idí.

(f) In 2011 bhain an Leabharlann leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánach, a 1997 (arna leasú ag an Acht Airgeadais, 2002) chun lámhscríbhinní ó Shéamus Heaney a shealbhú. Dá gceannódh an Leabharlann é sin ina ceart féin, chuirfeadh sé costas suntasach ar an Leabharlann faoin gceannteideal Lámhscríbhinní. Dhearbhaidh na Coimisinéirí Ioncaim luacháil mhargaidh de €1,750,000.

(g) Cuireann na míreanna ar fad laistigh de bhailiúchán na Leabharlainne le taifead na hÉireann um oidhreacht chultúrtha agus intleachta a chothabháil, agus le heolas faoi Éirinn, in Éirinn agus d'Éirinn a chur chun cinn. Déantar an bailiúchán a fhorbairt go cúramach trí shraith polasaithe lena rialaítear sealbhú, coimeád agus rochtain. Tá Polasaí um Fhorbairt an Bhailiúcháin ar fáil ar láithreán gréasáin na Leabharlainne.

(h) Ní dhéanann an Leabharlann ábhar ina mbailiúcháin a dhiúscairt de ghnáth ach amháin nuair a bhíonn an t-ábhar ann faoi dhó. Tá diúscairt ábhair ó bhailiúcháin na Leabharlainne faoi fhorálacha Alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

(i) Caomhnú agus coimeád

Bunaithe in 2002, tá sainchúram institiúide ag Rannóg um Chaomhnú na Leabharlainne Náisiúnta maidir le bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a choimeád agus a chaomhnú. Is í príomhfhreagracht na rannóige na bailiúcháin a chosaint le haghaidh an nglúinte amach anseo agus cinneann an t-éiteas sin an cur chuige i ngach gné dá cuid oibre.

Go ginearálta, ní chuireann bearta coiméadta feabhas ar riocht ábhair, ach úsáidtear iad chun díghrádú a mhoilliú agus damáiste a chosc trí mhodhanna éigníomhacha. I gcontráthacht leis sin, is é is aidhm le caomhnú saolré agus inrochtaineacht na mbailiúcháin a fhadú trí chóirithe idirghabhálacha, a chuireann feabhas ar riocht fisiceach, ceimiceach agus go minic amhairc ábhair.

Is iad na tionscadail is suntasaí in 2011:

- Cóir chaomhnúcháin priontaí de Phortráidí Éireannacha le haghaidh an tionscadail um dhigitíú, a bheidh déanta in 2012 (2011: €9,093)
- Tionscadal 'The Clean Sweep' ina ndearnadh leabhair annamha a ghlanadh, a thomhas agus a chur faoi shuirbhéireacht (2011: €76,771)

(j) Taifeadadh sócmhainní oidhreachta

Téann dáta bhailiúcháin na Leabharlainne siar go dtí lár an 18ú haois déag. Bhí formhór thaifead sealbhuithe na Leabharlainne ar pháipéar go dtí le gairid. Tá tús á chur faoi láthair ag an Leabharlann ar mhórchlár chun na taifid pháipéir uile a aistriú go catalóg dhigiteach amháin trína gcuirfear liosta de bhailiúcháin chatalógaithe na Leabharlainne ar fáil ar líne d'úsáideoirí na Leabharlainne ar fud an domhain. In 2011, cuireadh tús le mórtionscadal chun dhá chatalóg pháipéir shuntasacha ina bhfuil os cionn 350,000 taifead a aistriú go catalóg dhigiteach agus beidh sé críochnaithe in 2012. Déantar gach sealbhú úr a thaifeadfadh ar an gcatalog dhigiteach nuair a shealbhaítear iad.

13. Stoic

	2011	2010
	€	€
Stoic siopaí le haghaidh athdhíola	0	73,005

14. Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

	2011	2010
	€	€
Féichiúnaithe	32,159	41,712
Réamhíocaíochtaí	103,835	116,129
	<u>135,994</u>	<u>157,841</u>

15. Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2011	2010
	€	€
Creidiúnaithe agus fabhruithe	461,897	770,982
Cánachas agus leas sóisialach	176,987	176,597
	<u>638,884</u>	<u>947,579</u>

16. Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh bliana amháin)

	2011	2010
	€	€
Creidiúnaithe	37,624	38,022
	<u>37,624</u>	<u>38,022</u>

17(a). Cuntas Caipitil - sócmhainní oibriúcháin

	2011	2010
	€	€
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	1,577,468	1,790,682
Aistriú ó Ioncam & Caiteachas:		
Chun ceannacháin sócmhainní seasta a mhaoiniú	766,802	353,901
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(575,629)	(601,568)
Aistriú go/(ón) gCuntas Caipitil	<u>191,173</u>	<u>(247,667)</u>
Chun caiteachas sócmhainní seasta a mhaoiniú in 2008/09 caipitlithe in 2010		34,454
Iarmhéid deiridh	<u>1,768,641</u>	<u>1,577,468</u>

*Caipitliú shócmhainní Chóras Bhainistíochta na Leabharlainne gearrtha roimhe seo ar chaiteachas reatha

17 (b). Cuntas Caipitil - Sócmhainní oidhreachta

	Athshonraithe	
	2011	2010
	€	€
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	9,670,604	0
Aistrithe ó Ioncam & Caiteachas:		
Cúlchiste na Sócmhainní Oidhreachta:		
Sócmhainní oidhreachta a sealbhaíodh (2005-2009)		7,127,720
Sócmhainní oidhreachta a sealbhaíodh 2010		439,189
Sócmhainní oidhreachta a sealbhaíodh 2011	196,725	
Sócmhainní oidhreachta a tugadh (2005-2009)		2,103,695
Bronntanais sócmhainní oidhreachta 2010		0
Bronntanais sócmhainní oidhreachta 2011	1,795,000	
Iarmhéid deiridh	<u>11,662,329</u>	<u>9,670,604</u>

18. An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2011	2010
	€	€
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	2,086,092	1,667,788
Barrachas le haghaidh na tréimhse	(920,964)	418,304
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	<u>1,165,128</u>	<u>2,086,092</u>

19. Ceangaltais

Ba ionann méid iomlán an chaiteachais ar cheangaltais amhail 31 Nollaig ach nár soláthraíodh sna ráitis airgeadais agus €270,892

20. Líonta agus costais na foirne

	2011	2010
Ba é an meánlíon foirne a bhí fostaithe sa tréimhse:		
Riarachán agus tacaíocht	15	16
Leabharlann	82	85
Foireann na siopaí agus glantacháin	3	5
Cláir speisialta	13	4
	<u>113</u>	<u>110</u>

Is iad na costais sa tréimhse:

	Nóta	2011	2010
		€	€
Pánna agus tuarastail - maoinithe ag deontas Stáit		4,242,278	4,279,966
Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóirí - maoinithe ag deontas Stáit		276,447	272,726
Lúide: Pánna a gearradh ar chostais chláir eile		(20,902)	(15,971)
Costais phinsean	21(a)	<u>1,914,000</u>	<u>1,874,000</u>
		<u>6,411,823</u>	<u>6,410,721</u>
Pánna eile maoinithe ó ioncam na Leabharlainne Náisiúnta:			
Pánna na foirne glantachán (áirithe ar Chostais Foirngeamh)		9,071	9,636
Pánna fhoirne na siopaí (áirithe in Ioncam Eile)		<u>34,808</u>	<u>75,676</u>
		<u>6,455,702</u>	<u>6,496,033</u>

Baineadh €231,725 as an bhfoireann trí thobhach pinsin le linn 2011 agus íocadh é leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

21. Aoisliúntas

a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas

	2011 €	2010 €
Costas seirbhíse reatha	834,000	795,000
Ús ar dhliteanais Scéim Pinsean	1,188,000	1,188,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(108,000)	(109,000)
	<u>1,914,000</u>	<u>1,874,000</u>

b) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean le linn na tréimhse

	2011 €	2010 €
Glandliteanas pinsean tugtha ar aghaidh	22,809,000	21,368,000
Costas seirbhíse reatha	834,000	795,000
Costais úis	1,188,000	1,188,000
Cailteanas/(gnóthachan) achtúireach	2,495,000	(196,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(696,000)	(346,000)
Glandliteanas pinsean amhail 31 Nollaig	<u>26,630,000</u>	<u>22,809,000</u>

c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean

Ag cur san áireamh stair na Leabharlainne Náisiúnta agus an cúlra le bunú an Bhoird, glactar leis go leanfaidh an Bord den dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean a íoc cé nach bhfuil comhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin níl ráthaíocht ar bith ann ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Mar sin féin, creideann an Leabharlann gur bonn tuisceana réasúnta is ea an ceann réamhluaite maidir le himeachtaí san am atá caite agus an cleachtas bunaithe i dtaca le heagraíochtaí eile de chuid na hearnála poiblí agus, dá réir sin áirítear (maoiniú pinsean iarchurtha) méid atá cothrom leis na dliteanais pinsean mar shócmhainn.

Ba ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail 31 Nollaig 2011 agus €26.63 milliún (31 Nollaig 2010: €22.809 milliún).

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2011 €	2010 €
Maoiniú inghnóthaithe i dtaca le costais pinsean na bliana reatha	2,022,000	1,983,000
Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm le pinsinéirí a íoc	(696,000)	(346,000)
	<u>1,326,000</u>	<u>1,637,000</u>

d) Stair um oibleagáidí sochair shainithe

	2011 (€'000)	2010 (€'000)	2009 (€'000)	2008 (€'000)	2007 (€'000)
Oibleagáidí sochair shainithe	(26,630)	(22,809)	(21,368)	(19,039)	(20,302)
Maoiniú pinsean iarchurtha (Gnóthachain)/cailteanais ó thaithí ar dhliteanais scéim pinsean:					
Méid	318	(1,353)	(1,307)	232	3,189
Céatadán na ndliteanas scéime	1.2%	5.9%	6.1%	1.2%	15.7%

Is ionann an gnóthachan achtúireach carntha a aithníodh sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána agus €401,000.

e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Socruithe pinsean sochair shainithe um thuarastal deiridh is ea an scéim pinsean le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt don “tsamhail” reatha um rialacháin scéime na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí hochtú in aghaidh na bliana seirbhíse), agus pinsin chéilí agus pháistí. Is é an gnáthaois scoir 65ú lá breithe baill, agus tá baill réamh-2004 i dteideal scor gach laghdú achtúireach ó aois 60 i leith. Go ginearálta méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh neamhchosaintí an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS17) ar luacháil achtúireach iomlán amhail 31 Nollaig 2008 a thug achtúire neamhspleách cáilithe suas chun dáta chun ceanglais FRS17 a chur san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar na dlíteanais scéime ag 31 Nollaig 2010. Is iad na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dlíteanais scéime faoi FRS17 a ríomh:

	31/12/2011	31/12/2010
Formhéadú tuarastal (scála ardú céime sa bhreis)	0%	2.9%
Méaduithe ar phinsin in íocaíochtaí	0%	2.65%
Ráta lascaine	4.5%	5.1%
Ráta boilscithe	2.0%	1.9%

Cuireann an bonn um morlaíocht a glacadh feabhsuithe ar ionchas aoise le himeacht ama, ionas go mbraithfidh ionchas aoise ag aois scoir ar an mbliain a shlánóidh baill an aois scoir (aois 65). Táispeánann an table thíos mean-ionchas aoise le haghaidh ball aois 65 in 2010 agus in 2030.

Bliain a shlánófar aois age 65	2011	2031
Ionchas saoil – fir	86.4	88.2
Ionchas saoil – mná	89.4	91.5

22. Aoisliúntas an stiúrthóra

Cloíonn an Leabharlann le polasaí an Rialtais maidir le pá na bpríomhfheidhmeanna agus fostaithe comhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an rialtais maidir le táillí a íoc le baill an Bhoird. Tá pá an Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóir na Leabharlainne comhsheasmhach le scála tuarastail na seirbhíse sibhialta maidir le hArdscála Príomh-Oifigeach.

Ba ionann buntuarastal bliantúil Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta le haghaidh 2011 agus €92,918. Ní théann teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra thar theidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Níor íocadh bónas nó sochair chomhchineáil ar bith.

23. Táillí agus costais bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Is iad seo a leanas na táillí agus na costais a íocadh le bhaill an Bhoird agus a fhochoistí:

	€
David Harvey	8,559
Diarmaid Ferriter	4,880
Marian Fitzgibbon	4,880
Brian Halpin	5,882
Patrick McMahon	4,880
Carol Maddock	4,879
Des Marnane	5,880
Susan Philips	5,894
Pat Quinn	4,879
Paul Rellis (fees waived)	0
Paul Shovlin	5,894
Robert Spoo	5,882
Táillí iomlána	62,389

Baill na bhfochoistí:	
Diarmuid Kennedy	0
Felix Larkin	0
John Waters	0
Patrick Clyne	0
Terence Dooley	0
John Grenham	0
Susan Hood	0
Frank Keane	0
Costais an Bhoird:	
Taisteal	3,380
Béilí agus siamsaíocht	1,165
Eile	75
Costais Iomlána	<u>4,620</u>
	<u>67,009</u>

24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 6 Samhain 2012.

Bronntóirí

- ALONE
Francisco Acqueros
Allan Armstrong
Lindsay Armstrong
(Ceolfhoireann Naomh Sisile)
Richard Austin-Cooper
Ard-Choimisiún na hAstráile
An Dr Brian Aylward
Michael Baldwin
Rosangela Barone
An tOllamh Ciarán Benson
Blackstaff Press
An tOllamh Barra Boydell
British Library Sound Archive
Patricia Brown
Bernard Browne
Kevin Browne
Cambridge University Press
Donnamaria Carlin
Leabharlann Chontae Cheatharlach
Melita Cataldi
Leabharlann Chontae an Chabháin
An tOllamh Kim Chong-Keon
Leabharlann Chontae an Chláir
Howard Clarke
Elizabeth Cleary
Brendan Clifford
(*A Belfast Magazine*)
Patrick F Clyne
Carlos Cólogan
Leabharlanna Cathrach Chorcaí
Leabharlann Chontae Chorcaí
Peter Costello
Michael Craig
An tAthair Gerald Creasey
Roger Crooks
Cumann Córúil Culwick
William John Cumming
Patricia Curran-Mulligan
An tOllamh Perry Curtis
Joe Curtis
Paul TE Cusack
An Dr Ian d'Alton
Feachtas Toghchánaíochta Mary Davis
Richard Davis
An Clochar Doiminiceach, an Chabhrach
Martin Donnelly
Músaem Chontae an Dúin
Leabharlanna Poiblí gus Cartlann Poiblí Bhaile Átha Cliath
Malcolm Duff
Mary Duffy
Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Celia Ferguson
Fianna Fáil
Fine Gael
Leabharlann Chontae Fhine Gall
Christopher FitzSimon
Inez Fletcher
Justin Furlong
Gerhardt Gallagher
Oifig Feachtais Sean Gallagher
Leabharlann Chontae na Gaillimhe
Jack agus Jean Gamble
(Emerald Isle Books)
Paula Geraghty
Catherine Godwin
An Comhaontas Glas
Stephen Griffin
An Dr Brian Griffin
Nicola Guerra
Marianna Gula
Pete Hamill
Elizabeth Harford
Kilian Harford
Tom Hartley
Harvard University Press
Harry Havelin
Louis Hemmings
(Samovar Books)
Oifig Feachtais Mhicheáil D. Uí Uiginn
An Dr Arnold Horner
Eva Hornung
(Aonad um Fhorbairt an Churaclaim CDVEC)
An Comhairloir, an Dr Richard Humphreys
An Dr Una Hunt
Feachtas na hÉireann um Dhí-Armáil Núicléach
Comhairle um Chearta an Duine
Malartán Litríochta Éireann
Stephanie James
Peter Kay
Don Kennedy
An tOllamh Colum Kenny
Cathal Kerrigan
Leabharlann Chontae Chill Dara
Leabharlann Chontae Chill Chainnigh
Elizabeth Kimber
Anthony Kinsella
Elizabeth Kirwan
Grigory Kruzhkov
Páirtí an Lucht Oibre
Michael Lafferty
Leabharlann Chontae Laoise
Leabharlann Chontae Liatroma
Marlene Lester
John Lillis
Leabharlann Chathrach Luimnigh
Leabharlann Chontae Luimnigh
Eugene Lynch
Conn Mac Gabhann
Paddy agus Lizzie MacDonald
Niall MacMonagle
Sean Magee
Brenda Malone
Richard Marsh
An Dr Ann Matthews
Carmel McCaffrey
Joe McCann
Norman P McClelland
Sandra McDermott
Patrick McGarry
An Dr Perry McIntyre
(Anchor Books, an Astráil)
Lee McLoughlin
An tOllamh James FM Meaney i gcuimhne ar Briana Staunton
Leabharlann Chontae na Mí
An tOllamh an Dr Wolfgang Meid
Kathleen Merryweather
G Rex Meyer
Cumann Staire Thuíneán agus Choillidh Chanannáin
Arthur Mitchell
An Dr Angus Mitchell
Feachtas Toghchánaíochta Gay Mitchell
Peter Money
May Moran
Liam Murphy
National Museum of Australia
An Seanadóir David Norris
Brendan O Donoghue
Domhnall Ó Lúbhlaí
Steve O'Donnell
Colette O'Flaherty
Colette O'Daly
Leabharlann Chontae Uí Fhailí
Oifig na nOibreacha Poiblí
Liam O'Meara
Hugh Oram
Oxford University Press
Eithne Payne
Peel Heritage Trust and Peel City Guardian
John M Pepper
Siobhán Plunkett
Pyms Gallery
An Seanadóir Feargal Quinn
An tOllamh Lawrence S Rainey
An Dr Aleksandar Raković
Coimisiún an Reifrinn
Kathleen agus Stephen Richards
DC Rose
Fiona Ross
Acadamh Ríoga na hÉireann
RTÉ lyric fm
Reg Rungay agus a theaghlach
Ken Ryan
(Abbey Stained Glass Studios)
Evan Salholm
Denise Sallee
Feachtas Toghchánaíochta Mary Rosemary Scallan
Maura Scannell
Scottish Gaelic Texts Society
Helen Shackleton
Eamonn Sheridan
Donna M Shine
Konstantin Shishkin
Brian Showers
Sinn Féin
Leabharlann Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
Stranraer Museum
Orla Sweeney
John Swift
The Banks Association of Turkey
Eastát Cathal O'Shannon
Eastát Geoffrey Francis
Dalton
An Chomhairle Leabharlanna
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
Leabharlanna Thiobraid Árann
Robert Towers
University of Western Ontario and Museum, London
E van de Ven
Conor Walls
An tOllamh Declan Walsh
Leabharlann Chomhairle Chathair Phort Láirge
Declan Waters
Leabharlann Chontae Loch Gorman
Feargal Whelan
James Wilder